




Tuarascáil Bhliantúil



2018

Shármhaitheas

Nuálaíocht

Cruithaitheacht



Coimisiún Forbartha an Iarthair
Teach Diolúin, Bealach an Doirín,
Contae Ros Comáin, Éire.

Guthán: +353 (0) 94 9861441

Facs: +353 (0) 94 9861443

Ríomhphost: info@wdc.ie

Suíomhanna Gréasáin: www.wdc.ie

CLÁR NA NÁBHAR

Réamhrá an Chathaoirligh	2
Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh	3
Réamhrá	5
Cuid 1: Anailís Polasaí	9
Cuid 2: Réigiún an Iarthair a chur chun Cinn	15
Cuid 3: Forbairt Réigiúnach	19
Cuid 4: Ciste Infheistíochta WDC	29
Cuid 5: Seirbhísí Corparáideacha	37
Ráiteas Airgeadais 2018	41
Gluais	73

RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH

In 2018, rinneadh cur síos i seoladh Thionscadal Éireann 2040 ar phlean an Rialtais d'fhorbairt fhadtéarmach na tíre agus bunaíodh tosaíocht straitéiseach a bheadh mar bhonn le cothromaíocht fáis níos éifeachtaí idir réigiúin na hÉireann. Ba laistigh den chomhthéacs sin a lean WDC lena mhisean d'fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta an réigiúin a chur i gcrích.

Lean Bord WDC le béim shuntasach a leagan ar cheannaireacht agus ar rialachas agus ceapadh POF buan, leagadh béim ar phleanáil straitéiseach agus ar bhainistíocht riosca. Chuir WDC tús le rannpháirtíocht shuntasach le páirtithe leasmhara mar chuid dá phróiseas pleanála straitéisí, rannpháirtíocht ar ar bunaíodh ár ndréachtphlean straitéiseach le haghaidh 2019 –2024. Aithnítear na téamaí straitéiseacha seo a leanas sa dréachtphlean - **Cur Chun Cinn Réigiúnach, Ceannaireacht Réigiúnach agus Fiontraíocht Inbhuanaithe** a bheidh mar bhonn lenár gcinntí a dhíriú ar phríomhthionscadail réigiúnacha ar bhealach soiléir ag a mbeidh tionchar leanúnach ar fhorbairt shóisialta agus gheilleagrach.

Tá fianaise le fáil ar thionchar WDC in 2018 sa rath a bhí ar Chiste Infheistíochta an Iarthair, an léargas réigiúnach a thug an fhoireann polasaí, agus roinnt tionscadal forbartha réigiúnach a chur i bhfeidhm. Príomh-bhuaicphointí d'fhoireann Infheistíochta WDC i mbliana é rannpháirtíocht ghníomhach i dtrí chlár Luathaithe Réigiúnacha, an phunann dhuaishbuaiteach cuideachtaí agus na fáiltais eisceachtúla ó infheistíocht. Lean an fhoireann forbartha réigiúnach le hacmhainn agus le cumas sa réigiún a fhorbairt ar bhealach comhtháite, leis an tionscadal Creative Momentum a thabhairt chun críche, ardán nua a fhorbairt d'obair chruthaitheach sa réigiún agus an tionscadal GREBE, a bhí i measc aschur eile, mar bhonn le comharchumann fuinnimh a bhunú i gCo. Mhaigh Eo.

Chomh maith leis sin, thacaigh WDC le tionscadail nua ag obair i ndlúthchomhar le gníomhaireachtaí eile – ar an Uirlis Tallainne Réigiúnaí, ag roinnt eolais le diaspora maidir le deiseanna sa réigiún, Mol Domhanda na Foghlama Digítí, atá á mhaoiniú tríd an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (CAFT) agus Conair Gheilleagrach an Atlantaigh (CGA). I rith 2018 rinne an fhoireann polasaí aighneachtaí suntasacha maidir le próiseas comhairliúcháin na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Geilleagracha (SRSG) mar aon le sraith de phróifílí agus d'fhisghrafaicí earnálacha réigiúnacha.

Is fianaise iad na héachtaí seo ar a acmhainní agus ar a chumasáí atá WDC san fhorbairt réigiúnach. Is mian liom aitheantas a thabhairt don obair mhór agus díograis na foirne ar fad as an méid atá bainte amach acu i rith na bliana, agus an obair atá déanta chun WDC a ullmhú le haghaidh tuilleadh forbartha amach anseo. Is mian liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí Boird as an obair atá déanta acu ar an mBord agus ar roinnt fochoistí i rith na bliana. Chomh maith leis sin, is mian liom aitheantas a thabhairt don Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail as tacú le WDC agus leis an réigiún seo barr a mhaitheasa a bhaint amach.



Deirdre Garvey

An Deirdre Garvey
Cathaoirleach

TUARASCÁIL AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

In 2018 lean Coimisiún Forbartha an Iarthair, trí infheistíocht, anailís polasaí agus forbairt réigiúnach, le hiarracht a dhéanamh forbairt chothrom ar fud an réigiúin a chinntiú. Trí leanúint le dlús a chur le fás geilleagrach cruthaíodh deiseanna nua agus tarraingíodh aird ar na codarsnachtaí atá le tabhairt faoi deara i réigiún WDC, idir Dún na nGall agus An Clár.

Ó chuir mé tús le mo ról mar POF i Meán Fómhair, dhírigh mé go sonrach ar dhul i ngleic leis na codarsnachtaí seo, agus cur leis an obair atá déanta ag WDC ó 1998 i leith.

Tá mionsonraí maidir leis an obair atá déanta ag an bhfoireann leagtha amach sa tuarascáil bhliantúil seo; obair ag a raibh tionchar inbhraite ar an réigiún. Tá 5,000 post cruthaithe trí thacaíocht infheistíochta agus iasachtaithe sna contaetha idir Dún na nGall agus An Clár ó 1999. Tá forbairt tagtha ar infheistíocht bhunaidh an Stáit de €32m, agus anois tá breis is €40m ar fáil le haghaidh infheistíochta. Tá breis is 70 piosa d'ábhar agus de thaighde bunaidh foilsithe ag WDC i rith 2018. Bhreathnaigh breis is 1.5m úsáideoir meán sóisialta ar Lookwest.ie in 2018, branda bunaithe atá ag dul i bhfeidhm air, agus dírithe orthu siúd ar mian leo a bheith ag maireachtáil nó ag obair i Réigiún an Iarthair.

Beidh an rath go dtí seo mar aon le taithí agus eolas fhoireann WDC mar bhonn le forbairt an ardáin as seo go ceann cúig bliana. Is gearr go bhfoilseofar ár straitéis nua 2019-2024, 'Obair Chliste, Saol Níos Fearr'. Cuirfidh an straitéis seo, trí chomhoibriú lenár bpríomhpháirtithe leasmhara, leis an obair atá déanta ag WDC go dtí seo, mar aon le haird pobal níos mó a tharraingt ar obair nua agus ar obair atá ar bun cheana féin.

Is iad seo a leanas na colúin straitéiseacha atá sonraithe ag Cathaoirleach an Bhoird cheana féin - Cur Chun Cinn Réigiúnach, Ceannaireacht Réigiúnach agus Fiontraíocht Inbhuanaithe. Tá an straitéis uailmhianach, ach trí a bheith ag obair i ndlúthchomhar leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, is féidir na spriocanna a chomhlíonadh. Bhí ról lárnach ag foireann WDC, an Bord agus príomhpháirtithe leasmhara eile in eolas a chur ar fáil don straitéis agus forbairt na straitéise, agus táim fíorbhuíoch dóibh.



Is fianaise é an tuarascáil seo ar an obair agus ar an rath a bhí ar an obair faoi cheannaireacht Ian Brannigan. Is mian liom buíochas a ghabháil le Ian as tacú liom ó chuir mé tús leis an ról seo, agus leis an bhfoireann ar fad as an tsárobair atá déanta acu agus as a gcuid tacaíochta. I dteannta a chéile, leanfaimid lenár n-iarrachtaí réigiún atá iomaíoch ar leibhéal domhanda a chruthú atá lán le pobail nasctha atá ag tabhairt faoina gcuid oibre go cliste agus ag caitheamh saoil níos fearr.



Tomás Ó Siócháin
Príomhfheidhmeannach



RÉAMHRÁ



RÉAMHRÁ



Ráiteas Misean

Tacú le forbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha Réigiún Iarthar na hÉireann.

Físráiteas

Feidhmiú mar spriocghníomhaireacht le haghaidh fhorbairt Réigiún Iarthar na hÉireann.

Bunluachanna

- i. **Comhoibriú:** Bímid ag comhoibriú le heagraíochtaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ar mhaithe le Réigiún an Iarthair a fhorbairt
- ii. **Ceannaireacht:** Tacú le ceannaireacht i ngníomhaíocht gheilleagrach agus shóisialta laistigh de Réigiún Iarthar na hÉireann
- iii. **Nuálaíocht:** Spreagaimid agus cuirimid nuálaíocht chun cinn i bhforbairt Réigiún an Iarthair
- iv. **Ionracas agus Iontaoibh:** Déanaimid tréaniarracht a chinntiú go bhfuil iontaoibh ag ár gcliaint agus ag ár bpáirtithe leasmhara asainn agus bímid ionraic i gcónaí nuair a bhímid ag déileáil leo
- v. **Inoiriúnaitheacht & Solúbthacht:** Tá WDC agus a fhoireann inoiriúnaithe agus solúbtha chun déileáil le himthosca athraitheacha


Struchtúr WDC

11 chomhalta atá ceaptha ag an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail atá páirteach in WDC (tá eolas maidir le comhaltacht 2018 le fáil ar Leathanach 43).

Tá feidhmeannacht thiomanta atá lonnaithe i dTeach Dillon, Bealach an Doirín, Co. Ros Comáin ag tacú leis an gCoimisiún. Tá an fhoireann coibhéis lánaimseartha cothrom le 16.9 agus tá beirt fheidhmeannach eile páirteach i bhfoireann thionscadal AE. Ciallaíonn sé seo go bhfuil saineolas i réimse na hanailíse polasaí, na forbartha réigiúnaí agus tuaithe, na seirbhísí infheistíochtaí agus corparáideacha ar fáil sa réigiún.

Chomh maith leis sin, tá painéil chomhairleacha speisialta ag tacú linn, ar a bhfuil ionadaithe ón na hearnálacha poiblí, príobháideacha agus deonacha, le tionscnaimh éagsúla.

Struchtúr Eagraíochtúil




Dréachtchuspóirí Straitéiseacha WDC 2015 – 2018

- Eolas a chur ar fáil do agus tionchar a imirt ar fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta Réigiún Iarthar na hÉireann trí anailís ar ardchaighdeán
- Na buntáistí a bhaineann le maireachtáil, obair agus gnó a dhéanamh i Réigiún Iarthar na hÉireann a chur chun cinn.
- Forbairt gheilleagar an Iarthair a spreagadh bunaithe ar fhorbairt inbhuanaithe láidreachtaí agus acmhainní Réigiún an Iarthair.
- Caipiteal riosca a chur ar fáil do mhicrithionscadail, gnóthais bheaga agus mheánacha agus fiontair shóisialta (sna céimeanna nuathionscanta agus forbartha) trí chiste Infheistíochta WDC (CII)
- WDC a réachtáil mar eagraíocht inniúil, éifeachtach agus foghlama
- A chinntiú go n-aithnítear agus go dtacaítear le sainchúram WDC ag gach leibhéal den Rialtas
- Ciste fáis straitéisigh úr réigiúnsonrach a bhunú agus a chothabháil chun freastal ar riachtanais forbartha Réigiún Iarthar na hÉireann
- Oifig Forbartha Réigiúnach Straitéiseach (OFRS) piolótach a bhunú in Iarthar na hÉireann chun cur le sainchúram WDC dlús a chur le fás gheilleagrach sa réigiún



CUID I




ANAILÍS POLASAÍ

ANAILÍS POLASAÍ

Eolas a chur ar fáil do agus tionchar a imirt ar fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta Réigiún Iarthar na hÉireann trí anailís ar ardchaighdeán.

Gné thábhachtach d'obair WDC é anailís a dhéanamh ar shonraí agus ar threochtaí socheacnamaíocha laistigh de Réigiún an Iarthair. Soláthraíonn sé seo bonn eolais agus tuisceana láidir faoi na príomh-shaincheistanna agus na príomhdhúshláin atá le sárú ag Réigiún an Iarthair. Chomh maith leis sin, tacaíonn sé le clár oibre WDC.

Bhí ról gníomhach ag foireann Anailís Polasaí WDC in aschuir a roinnt le páirtithe leasmhara i rith 2018 trí fhoilseacháin nua a sheoladh trí ríomhphost, postálacha seachtainiúla blog, láithreoireachtaí, fiosrúcháin a fhreagairt, freastal ar chruinnithe agus imeachtaí, agus tríd an gcuntas twitter @WDCInsights. Tá eolas maidir le príomhghníomhaíochtaí Anailís Polasaí WDC i rith 2018 le fáil san fhísghrafaic anseo.



Anailís Shocheacnamaíoch

Thug foireann Anailís Polasaí WDC faoi mhionanailís ar raon príomh-shaincheistanna socheacnamaíocha a bhí ábhartha d'fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta Réigiún an Iarthair i rith 2018. Foilsíodh agus scaipeadh anailís shocheacnamaíoch WDC trí raon éagsúil aschur lena n-áirítear Tuarascálacha, Físghrafaicí, *WDC Insights*, postálacha blog *WDC Insights Policy*, láithreoireachtaí agus aighneachtaí i rith na bliana ar féidir iad a rochtain ar Shuíomh Gréasáin WDC www.wdc.ie.


Anailís ar Thaisteal chun na hOibre

I mí Bealtaine, d'fhoilsigh WDC anailís mhionsonraithe maidir le patrúin taisteal chun na hoibre oibríthe atá ag maireachtáil i Réigiún an Iarthair. Sainithníodh mar thoradh ar an anailís, a rinne an tIonad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann (AIRO), 42 ceantar fostaíochta ar fud an réigiúin.

Áirítear sa tuarascáil próifíl mhionsonraithe de mhargadh fostaíochta an phríomhbhaile i ngach ceann den seacht gcontae – Gaillimh, Inis, Sligeach, Leitir Ceanainn, Caisleán an Bharraigh, Ros Comáin agus Cora Droma Rúisc. Is éard atá i gceist le ceantar fostaíochta baile, an limistéar geografach óna dtagann formhór de lucht oibre baile. Is léir ó shonraí taisteal chun na hoibre go bhfuil rochtain ag baile ar cheantar fostaíochta níos mó ná tomhas an Daonáirimh de pobal oibre an bhaile. Is fianaise é seo go bhfuil rochtain ag an mbaile ar sholáthar fostaíochta níos mó ná a dtabharfadh an gnáth-thomhas Daonra le fios.


Foilseofar tuilleadh anailíse ar an 26 ceantar fostaíochta níos lú in 2019.

Íoslódáil: [Travel to Work and Labour Catchments in the Western Region](#)



Físghrafaicí

I mí Iúil, d'fhoilsigh WDC ceann de na haschuir is mó tóir a chuireamar i dtoll a chéile, físghrafaicí 'simplach' le haghaidh gach contae san iarthar. Taispeántar ar na hocht bhfísghrafaic, ar bhealach inrochtana agus speisiúil, 16 phríomhstaitistic faoi fhaisnéis agus saintréithe contae. Baineadh na sonraí ó Dhaonáireamh 2016 na Príomh-Oifige Staidrimh, agus tugtar léargas iontu ar fhiricí éagsúla faoi gach contae, cosúil le daonra 2016 an chontae mar chéatadán de dhaonra 1841 an chontae, an céatadán daoine ag a bhfuil cáilíocht tríú leibhéal, an meánmhéid ama a thóg sé taisteal chun na hoibre agus rochtain ar leathanbhanda.



Íoslódáil: <https://www.wdc.ie/publications/reports-and-papers/>





Léargas WDC

I rith 2018, lean WDC le *WDC Insights* gonta, 2 leathanach, a fhoilsiú bunaithe ar anailís ar raon saincheistanna. Foilsíodh an méid seo a leanas i rith na bliana.

1. Léargas WDC: Daonáireamh 2016: Leibhéil Oideachais i Réigiún an Iarthair (Márta)

Anailís ar shonraí faoi leibhéil oideachais i Réigiún an Iarthair agus a chontaetha ó Dhaonáireamh 2016. Cuirtear an leibhéal is airde oideachais curtha i gcrích ag aosaigh atá ag maireachtáil i Réigiún an Iarthair agus a sheacht gcontae i gcomparáid leis an gcuid eile den stát.

Íoslódáil: [Léargas WDC: Daonáireamh 2016: Leibhéil Oideachais i Réigiún an Iarthair](#)

2. Léargas WDC: Céard atá ag tarlú inár ngeilleagar réigiúnach? Fás agus Athrú in Oll-bhreisluch Réigiúnach (Meitheamh)

Pléitear na sonraí réigiúnacha OBL agus OTI (le haghaidh 2015 agus réamhshonraí le haghaidh 2016) is déanaí foilsithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh sa *WDC Insights* seo agus leagtar béim ar na réigiúin a áirítear iontu seacht gcontae Réigiún an Iarthair.

Íoslódáil: [Léargas WDC: Céard atá ag tarlú inár ngeilleagar réigiúnach? Fás agus Athrú in Oll-bhreisluch Réigiúnach](#)

3. Léargas WDC: Conas atá ag éirí linn? Ioncam Contae i Réigiún an Iarthair (Meitheamh)

Scrúdaítear loncam Contae in 2015 agus leagtar béim ar an difríocht atá idir contaetha i Réigiún an Iarthair agus ar athruithe a tharlaíonn le himeacht ama.

Íoslódáil: [Léargas WDC: Conas atá ag éirí linn? Ioncam Contae i Réigiún an Iarthair](#)

4. Léargas WDC: Fiontraíocht i Réigiún an Iarthair 2016 (Meán Fómhair)

Anailís ar shonraí Déimeagrafaíochta Gnó na Príomh-Oifige Staidrimh le haghaidh 2016 a thomhaiseann fiontair ghníomhacha. Scrúdaítear líon iomlán na bhfiontar i Réigiún an Iarthair agus a chontaetha, mar aon leis na hathruithe atá tarlaithe le himeacht ama. Tarraingítear aird chomh maith ar phróifíl earnálach fiontraíochta an réigiúin.

Íoslódáil: [Léargas WDC: Fiontraíocht i Réigiún an Iarthair 2016](#)

5. Léargas WDC: Mórdhiól & Miondiól i Réigiún an Iarthair (Deireadh Fómhair)

An chéad fhoilseachán i sraith 'Próifílí Earnálacha Réigiúnacha' ina ndéantar anailís ar earnálacha geilleagracha sonracha i Réigiún an Iarthair agus ina sainiúitear príomhcheistanna polasaí. Déantar achoimre in *WDC Insights* ar phríomhshonraí fostaíochta agus fiontair don earnáil Mórdhiola & Miondiola i Réigiún an Iarthair.

Íoslódáil: [Léargas WDC: Mórdhiól & Miondiól i Réigiún an Iarthair](#)

6. Léargas WDC: An Earnáil Sláinte & Cúraim i Réigiún an Iarthair (Samhain)

An dara 'Próifíl Earnálach Réigiúnach' ina ndéantar anailís ar earnálacha geilleagracha sonracha i Réigiún an Iarthair agus ina sainiúitear príomhcheistanna polasaí. Déantar achoimre in *WDC Insights* ar phríomhshonraí fostaíochta agus fiontair don earnáil Sláinte & Cúraim i Réigiún an Iarthair.

Íoslódáil: [Léargas WDC: An Earnáil Sláinte & Cúraim i Réigiún an Iarthair](#)

7. Léargas WDC: Tarchur Leictreachais do Ghiniúint In-athnuaite - Céard a theastaíonn i Réigiún an Iarthair? (Nollaig)

Scrúdaítear acmhainn an infreastruictúir tarchurtha leictreachais i Réigiún an Iarthair. Tá cuid de na hacmhainní is fearr le haghaidh giniúint in-athnuaite san Eoraip sa Réigiún agus baineann tábhacht leis i gcomhthéacs an Réigiúin, agus i gcomhthéacs na hÉireann, go bhfuil dóthain acmhainne le haghaidh infreastruictúir tarchurtha leictreachais ann le haghaidh riachtanas atá ann i láthair na huaire agus a bheidh ann amach anseo.

Íoslódáil: [Léargas WDC: Tarchur Leictreachais do Ghiniúint In-athnuaite - Céard a theastaíonn i Réigiún an Iarthair?](#)

Próifílí Earnálacha Réigiúnacha

I mí Dheireadh Fómhair 2018, seoladh sraith Próifílí Earnálacha Réigiúnacha na n-earnálacha geilleagracha i Réigiún an Iarthair, ina ndearnadh anailís ar na sonraí fostaíochta agus fiontair is déanaí agus inar pléadh na príomh-shaincheistanna polasaí. Foilsítear tuarascáil mhionsonraithe agus achoimre *WDC Insights* le haghaidh gach earnáil.

Ba é *Mórdhíol & Miondíol* an chéad earnáil a scrúdaíodh, earnáil ina bhfostaítear breis is 42,000 duine i Réigiún an Iarthair, agus ba é *Sláinte & Cúram* an dara hearnáil ar an liosta a bhfuil méid daoine mórán mar an gcéanna fostaíthe inti. Foilseofar tuilleadh próifílí sa tsraith i rith 2019.


Aighneachtaí Polasaí

Ceann de na príomhréimsí oibre in aon bhliain ar leith é aighneachtaí a dhéanamh i ndáil le comhairliúcháin pholasaí náisiúnta agus réigiúnacha agus bliain ghnóthach ba ea 2018.

I mí Feabhra, rinne WDC aighneachtaí maidir leis an Issues Paper foilsithe le haghaidh Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Geilleagracha (SRSG) an Tuaiscirt & an Iarthair agus an Deiscirt. I ndiaidh na tréimhse chomhairliúcháin ag tús 2018, cuireadh na Dréachtadoiciméid SRSG ar fáil do chomhairliúchán poiblí ag deireadh 2018 agus bhíodhas ag súil leis na haghneachtaí ag tús 2019.

Áirítear i measc na n-aighneachtaí eile a rinne WDC i rith 2018:

- Plean Forbartha Tarchurtha Leictreachais EirGrid 2017-2027
- Céim 3 de Thionscadal Caipitil Thuaisceart Chonnacht EirGrid
- Coiste Comhairliúcháin Phoiblí an tSeanaid maidir le Gnóthaí Beaga agus Meánmhéide in Éirinn
- Comhairliúchán Tosaigh maidir leis an bPlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide
- Comhairliúchán Poiblí maidir leis an Straitéis Náisiúnta Dhigiteach
- Comhairliúchán maidir le hAthruithe Séasúracha Cloig
- Athbhreithniú ar Riachtanais Thodhchaíocha Acmhainne in Aerfoirt Stáit na hÉireann



Láithreoirachtaí & Ionchuir Chomhdhála

I rith 2018, chuir Anailísithe Polasaí WDC a gcuid saothair i láthair ag roinnt comhdhálacha, agus rinne siad cathaoirleacht ar roinnt seisiún comhdhála. Áirítear i measc na láithreoirachtaí:

- **Comhdháil Bhliantúil Chumann an Staidéir Réigiúnaigh, Meán Fómhair 2018.**
Understanding our regional economies: what can regional accounts tell us? An Dr Helen McHenry, Anailísí Polasaí.




- **Jobs of the Future: Imeacht Eolais Mhaigh Eo faoi Fhoghlaim ar feadh an tSaoil, Samhain 2018.**
Pauline White, Anailísí Polasaí.
- **Priorities for implementing 'Project Ireland 2040' Policy, Comhdháil Fóram d'Éirinn, May 2018.**
Deirdre Frost, Anailísí Polasaí.



Staidéar Brexit agus Taisclann Doiciméad

Forbraíodh an Taisclann seo chun acmhainn inrochtana faisnéise faoi, agus naisc le, staidéir roghnaithe maidir le Brexit agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith aige a sholáthar. Tá na staidéir seo ábhartha do ghnóthaí, beag agus mór, agus do phobail agus d'eagraíochtaí a bhféadfadh tionchar a bheith ag Brexit orthu. Nuashonraítear an fhaisnéis go rialta de réir mar a fhoilsítear staidéir nua nó de réir mar a aimsímid staidéir ábhartha atá níos sine.



Blag Léargas WDC

D'fhoilsigh an fhoireann Anailís Polasaí 42 postáil blag i rith 2018 maidir leis na foilseacháin, aschuir agus gníomhaíochtaí thuasluaite ar fad.

I measc na dtopaicí eile bhí *Nuts about NUTS* agus *How many farmers are in the Western Region?* agus *Leprechauns in Invisible Regions, Caring for the West* agus *Is e-working on the increase?*

Forbairt i gCathracha & Réigiúin Fhorimeallacha

I mí Mheán Fómhair rinne WDC urraíocht ar Chomhdháil Bhliantúil Bhraíne na hÉireann de Chumann an Léinn Réigiúnaigh. Bhí beirt aoichainteoirí idirnáisiúnta i láthair ag an imeacht: An tOll. Mark Partridge ó na Stáit Aontaithe agus an Dr. Andrew Copus ó Albain. Dhírigh an bheirt acu ar ghnéithe difriúla den idirghníomhaíocht idir ceantair thuaithe agus uirbeacha.

Chomh maith leis sin, mar chuid den Chomhdháil eagraíodh roinnt láithreoireachtaí le hacadóirí agus le lucht déanta polasaithe as Éirinn lena n-áirítear Anailísí Polasaí WDC, an Dr Helen McHenry. Foilsíodh tuairisc maidir leis an gcomhdháil in eagrán an Gheimhridh de *Local Authority Times*.

Infreastruchtúr


Teileachumarsáid

Lean WDC ag tacú le rolladh amach tapa an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda de bhrí go bhfuil tionchar leanúnach níos suntasaí ag an nganntanas leathanbhanda ar réigiúin thuaithe agus ar chontaetha an Iarthair i gcomparáid le haon áit eile. Ghlac WDC páirt i ndara Fóram Bliantúil Thascfhórsa Náisiúnta na bPáirtithe Leasmhara maidir le Fón Póca agus Leathanbhanda i nDeireadh Fómhair agus foilsíodh sraith postálacha blag i rith na bliana.

Fuinneamh

Déanann foireann Anailís Polasaí WDC an cás le haghaidh infreastruchtúir fuinnimh ar ardchaighdeán atá riachtanach le haghaidh fás agus forbairt gheilleagrach i Réigiún an Iarthair. Ceadóidh forbairt an infreastruchtúir fuinnimh breis forbairt a dhéanamh ar fhiontair fuinnimh in-athnuaite ar féidir leo an méid is mó tairbhe a bhaint as sócmhainní nádúrtha an réigiúin. Déanann WDC anailís ar shaincheisteanna infreastruchtúir, polasaí agus rialála de réir mar a bhíonn tionchar acu ar shaincheisteanna infreastruchtúir agus forbartha fuinnimh a mbaineann tábhacht leo sa réigiún i ndáil le tarchur gáis, leictreachas agus fuinneamh in-athnuaite.

CUID 2



RÉIGIÚN AN IARTHAIR
A CHUR CHUN CINN

RÉIGIÚN AN IARTHAIR A CHUR CHUN CINN

Na buntáistí a bhaineann le maireachtáil, obair agus gnó a dhéanamh i Réigiún an Iarthair a chur chun cinn.

Cuid rithábachtach d'Acht WDC é aird pobal domhanda níos mó a tharraingt ar réigiún an Iarthair. In 2018, lean WDC lena shainchúram a chur i gcrích trí iarrachtaí an ardáin nuálaíoch réigiúnaigh poiblíochta, LookWest.ie. Is é seo an tairseach réigiúnach is fearr chun spéis saoránach, an diaspora agus daoine ar spéis leo gach a bhaineann le hiarthar na hÉireann a mhúscailt, agus i rith 2018 mhéadaigh an tóir a bhí ar LookWest.ie agus an méid daoine a bhí ag breathnú air.



Céard iad na réimsí ar éirigh go maith leo in 2018?

Thug 73,500 cuairteoir suímh ghréasáin uathúil cuairt ar Lookwest in 2018. Tugadh méadú 37% faoi deara i dtrácht orgánach Google (neamhíochta). Bhí algartaim athraitheacha eochairfhocal agus athruithe ar dheontais Google mar bhonn le laghdú ar thrácht an tsuímh ghréasáin in 2018 ach de bhrí gur tugadh méadú faoi deara sa trácht orgánach, toradh dearfach ba ea é seo mar aon le fianaise ar rannpháirtíocht leanúnach leis an ardán. Tugadh laghdú 28% ar líon na gcuairteoirí faoi deara in 2018 mar gheall ar laghdú ar thrácht Google AdWords.


Ní suíomh craolta amháin é an suíomh gréasáin Lookwest. Is féidir leis rannpháirtíocht agus úsáidí praiticiúla an ardáin a thomhas, mar shampla:

- Rinneadh 502 iarratas ar phost tríd an suíomh gréasáin.
- Rinneadh 105 Aighneacht Imeachta
- Rinneadh 14 Aighneacht don Chlár Gnó
- Taifeadh 16,991 amharc ar 'West of Ireland Start-Up Guide' agus
- Taifeadh 8,597 amharc ar an Treoirleabhar 'Invest West' a tugadh cothrom le dáta in 2018.

Táimid ag leanúint lenár gcainéil meán sóisialta a úsáid agus in 2018 taifeadh clúdach sóisialta de bhreis ar 1.5 milliún úsáideoir.

Seo thíos cuspóirí LookWest.ie le haghaidh 2018:

1. Aird ar líne a tharraingt ar Iarthar na hÉireann.
2. A bheith aitheanta mar an suíomh gréasáin / ardán ar líne is fearr ar Domhan de chuid gníomhaireacht Forbartha Réigiúnaí.
3. A chur in luí ar dhaoine gur cheart dóibh maireachtáil san Iarthar, agus a gcuid oibre agus gnó a dhéanamh ann tríd scéalaíocht ar líne, cás-staidéir, inneachar grianghraf agus físeán agus sonraí spésiúla.



Clúdach na Meán Sóisialta¹


Clúdach Sóisialta							
	Ean	Feab	Már	Aib	Beal	Meith	Iomlán
 Facebook	50,229	35,838	27,569	33,302	16,759	8,306	172,000
 Twitter	79,000	85,400	64,500	64,000	64,300	8,700	365,900
 Clúdach na Meán Sóisialta le Chéile	129,229	121,238	92,069	97,302	81,059	17,006	537,900
	Iúil	Lún	MF	DF	Samh	Noll	Iomlán
 Facebook	29,788	42,640	50,931	26,095	63,488	27,620	240,562
 Twitter	59,800	44,900	36,700	45,700	45,700	29,200	262,000
 Clúdach na Meán Sóisialta le Chéile	89,588	87,540	87,631	71,795	109,188	56,820	502,562
Clúdach Iomlán na Meán Sóisialta: 1,043,462							

Staitisticí Ríomhíris LookWest.ie



Bhí 684 Síntiúsóir ag Ríomhíris Lookwest in 2018.

Bhí an trácht ó Ríomhírisí cothrom le 1,075 (1.4% den iomlán), ach laghdaigh an trácht Ríomhírise go suntasach in 2018 mar gheall ar laghdú ar líon na síntiúsóirí mar gheall ar rialacha nua An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a tháinig i bhfeidhm i mBealtaine 2018.



LookWest.ie

TOP 10 THINGS TO DO IN THE WEST THIS HALLOWEEN

With Halloween just around the corner, check out our round-up of some the great festivals and events taking place across the West over the coming weeks.

READ MORE +

Major boost for the West of Ireland with new service from Cologne to Ireland West Airport

Ireland West Airport is delighted to announce a major boost for the West of Ireland with the news that Ryanair will commence a new direct service from Cologne in Germany starting in June 2018.


READ MORE +

Win Westfall Tickets

We have tickets to four brilliant Westfall shows to give away. To be in with a chance of winning just tell us the name of one show in the Westfall line-up. Make the list of names a competition worth taking.

ENTER NOW +

TOP 10 THINGS TO DO IN COUNTY GALWAY



LookWest.ie

TOP 10 THINGS TO DO IN THE WEST THIS CHRISTMAS

We are getting very festive here in LookWest.ie with just a week to go to the big day. Each year we are amazed at how many incredible Christmas markets, festivals, and events are taking place in the West to get you in the festive spirit. This year's list is bigger and better than ever.

READ MORE +

TOP ADVENTURE THINGS TO DO IN THE WEST FOR CHRISTMAS & NEW YEAR'S

If you REALLY want to experience Christmas in the West, dive in! (Save the swimming waters for the traditional Christmas morning swim). Brave on your hiking boots and drink your stout peak or join in one of the great winter festivals welcoming the outdoors.

To give you a little nudge, we have compiled a list of the best adventure things to do in the West over this Christmas and New Year's period.

READ MORE +

Galway Food Tour Competition

Galway Food Town has teamed up with some of the best Galway restaurants to offer a very special culinary tour of Galway this Christmas.


We have a Galway Food Tour Challenge for 2 people worth €100 to giveaway. To enter just tell us who is the Favourite food and wine lover who runs Galway Food Town.

Don't follow this before (or around)

MORE ON GALWAY FOOD TOWN +

¹ Clúdach na Meán Sóisialta = an méid daoine a d'amharc ar ár n-inneachar ar na meáin shóisialta

CUID 3



RÉIGIÚN AN IARTHAIR
A CHUR CHUN CINN

FORBAIRT RÉIGIÚNACH

Forbairt gheilleagar an Iarthair a spreagadh bunaithe ar fhorbairt inbhuanaithe láidreachtaí agus acmhainní Réigiún an Iarthair.

In 2018 lean WDC lena shaineolas forbartha Réigiúnaí maidir le hIarthar na hÉireann a fhorbairt agus a leathnú. Rinneadh teagmháil le breis is 200 gnó agus fuarthas maoiniú de bheagnach €2.1 Milliún don réigiún, (trí chlár AE agus clár rialtas na hÉireann cosúil leis an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (CAFT)). Thacaigh sé seo le rannpháirtíocht, feachtas agus fostaíocht i gcontaetha an Iarthair.

Ar an gcaoi chéanna, leagadh an bhunchloch d'fhorbairt sna blianta amach romhainn trí chomhoibriú le comhpháirtithe réigiúnacha agus náisiúnta a raibh sé mar aidhm leis tacú le héachtaí luasghéaraithe agus inbhuanaithe gan mhoill.

Thóg Biúró Choinbhinsiún Gnó na Gaillimhe a chéad chéimeanna in 2018, bunaithe ar anailís ar riachtanais a choimisiúnaigh WDC ag deireadh 2017. Is cúis dóchais iad na comharthaí tosaigh agus tá deiseanna suntasacha breise chun ioncam turasóireachta a ghiniúint á sainaithe agus á bhforbairt. Is sampla iontach é seo de WDC ag obair i dteannta le Fáilte Ireland agus le pobal na Gaillimhe chun aghaidh a thabhairt ar riachtanas. Ar an gcuma chéanna, is fianaise é glacadh le plean réigiúnach fostaíochta RGFN an gheilleagair chruthaithigh mar cheann dá shé thosaíochtaí le díriú orthu, ar thoradh a bheith ar obair WDC chomh fada is a bhaineann le forbairt chiallmhar a shainaithe agus a bhrú chun cinn in earnáil thábhachtach atá ag forbairt.



Tá cur síos déanta thíos maidir le príomh-éachtaí agus príomhfhorbairtí cosúla i réimse na forbartha réigiúnaí.

Uirlis Tallainne Réigiúnaí d'Iarthar na hÉireann

In 2018 chuir WDC Anailís ar Riachtanais Mhargaidh i gcrích le haghaidh Athfhorbairt Uirlis Chláraithe Scileanna LookWest.ie Is é an cuspóir atá leis an taighde seo riachtanais na bpáirtithe leasmhara agus na n-úsáideoirí chomh fada is a bhaineann le hathfhorbairt na huirlise Cláraithe Scileanna LookWest.ie a shainmhíniú. Tá doiciméad bunaithe ar Riachtanais Mhargaidh bunaithe ina sainmhínear riachtanais na bpáirtithe leasmhara agus na n-úsáideoirí agus forbairt 'Uirlis Tallainne' réigiúnach.

Eagraíodh láithreoireacht do pháirtithe leasmhara a raibh ionadaithe ó IDA Ireland, Fiontraíocht Éireann, WDC, An Fóram Réigiúnach Scileanna, Institiúidí Tríú Leibhéal, Abbott, Pramerica etc. páirteach inti, a chabhróidh le forbairt na huirlise. Tá an tionscadal forbartha agus táthar anois ag céim na tógála teicniúla agus beidh sé réidh le seoladh in earrach 2019.

Mol Domhanda na Foghlama Digití (MDFD) Thulach na Croise - €1,728,000 le haghaidh Fás Réigiúnach

I gcomhar le comhpháirtíocht a raibh Connemara West Education Ltd., GMIT, OÉG, Fóram Chonamara CTR, comhairle contae na Gaillimhe agus roinnt ollscoileanna agus carthanais Meiriceánacha páirteach inti, bronnadh €1,728,000 ar WDC faoi chiste um athghiniúint agus forbairt tuaithe (CAFT), fógartha ag an Taoiseach i Sligeach ar an 23 Samhain chun Mol Domhanda na Foghlama Digití (MDFD) a bhunú i dTulach na Croise, Rinn Mhaoile, Co. na Gaillimhe.

Déanfaidh an mol Domhanda foghlama agus digiteach seo iarracht cineálacha nua turasóireachta agus gníomhaíocht FBM a bhunú sa phobal a bhfuil sé mar aidhm leis poist a chur ar fáil san earnáil tógála agus ar bhonn leanúnach. I ndáiríre, laistigh de 4 bliana beidh sé mar aidhm ag an tionscnamh seo 9 dteachín a athchóiriú agus ionad Oideachais/gníomhaíochta ilúsáide a thógáil chun táirge turasóireachta inbhuanaithe tuaithe a chruthú a thacóidh le suas le 45 post.


Rinneadh an t-iarratas seo i ndiaidh do WDC oibriú i gcomhpháirt leis an bpobal áitiúil thar roinnt blianta chun an tionscadal a fhorbairt chuig an gcéim seo, rinneadh obair mheasúnachta tosaigh WDC ar bhailte beaga in 2016, agus coimisiúnaíodh staidéar fiontair Leitir Fraic in 2017.

Foghrúpa Fiontair CGA



Mar thoradh ar Staidéar Féidearthachta CGA, faoi threoir WDC, comhaontaíodh ar phróiseas maidir le bailiú sonraí fiontair ar fud an réigiúin le roinnt páirtithe leasmhara – lena n-áirítear an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP), Fiontraíocht Éireann, IDA, Údarás agus WDC. Tástáladh modheolaíocht bailithe agus aicmithe na sonraí fiontair in dhá bhaile phíolótacha – Sligeach agus Inis. D'fhógair RFTP go raibh 10 nOifigeach CGA ceaptha, a bhí á maoiniú ag an Rialtas Áitiúil & RFTP. Déanfaidh OCGA an mhodheolaíocht a rolladh amach ina nÚdarás Áitiúil féin agus baileoidh siad na sonraí i gcóras sonraí coiteann agus comhsheasmhach. Faoi dheireadh 2018, bhí ochtar OCGA ceaptha, agus bhí an cleachtadh bailithe sonraithe curtha i gcrích ag cúig bhaile. Cuirfear dlús leis an bpróiseas a bhaineann le sonraí a bhailiú chun gréasán a chruthú atá oiriúnach d'fheidhm maoin fiontraíochta ar fud réigiún an iarthair de réir mar a bheidh níos mó taithí againn.

LDFMN/Fóram Scileanna Réigiúnaí Leitir Fraic



Bunaíodh Líonra Déantúsaíochta Adhmaid agus Troscaín na hÉireann (LDATÉ) in 2019 chun cur leis an obair a bhí sonraithe ag Fóram Scileanna Réigiúnaí (FSR) an Iarthair. In 2017, chruthaigh FSR an Iarthair ardán don earnáil chun plé & machnamh a dhéanamh ar chomhoibriú, rannpháirtíocht a dhéanamh i gcomhthéacs uile-Éireann agus dea-chleachtas a bhreithniú le céile. Trí chomhpháirtíochtaí le príomhpháirtithe leasmhara tionscail, bunaíodh an líonra i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo (GMIT) Leitir Fraic agus le Fóram Scileanna Réigiúnaí an Iarthair (FSRI) agus WDC.

Smart Atlantic Way



Is creat forbartha é coincheap an Réigiúin Chliste a chuireann le samhail na Cathrach Cliste, a aithníonn, ionas gur féidir lenár réigiún a phoitéinseal Cliste a bhaint amach sa toadhchá, nach mór dúinn na deiseanna, buntáistí agus dúshláin a bhaineann le himlonnú Cliste a bhreithniú. Ní mór dúinn féachaint níos faide chun cinn ná cur i bhfeidhm traidisiúnta an chomhthéacs uirbh agus féachaint i dtreo toadhchá Cliste a chuireann suíomhanna réigiúnacha uirbeacha agus tuaithe san áireamh. Tá sé mar aidhm le Tionscnamh Bhealach Cliste an Atlantaigh cur leis an dul chun cinn a rinneadh mar thoradh ar Thionscadal na nÁiteanna Cliste. I mí na Samhna 2018, sheol WDC agus Ionad Taighde Insight “Smart Atlantic Way – A Roadmap towards a Smart Region” i gComhairle Contae Ros Comáin. Áirítear i gcoincheap ár Réigiúin Chliste cur chuige a bhreithníonn céard is féidir a bhaint amach ar bhealach níos fearr laistigh dár réigiún, agus conas is féidir teicneolaíocht agus saineolas a úsáid chun an uailmhian seo a chur i gcrích. Baineann tábhacht ar dtús le súil ghéar a chaitheamh ar na buntáistí a bhfuiltear ag súil leo a bheidh mar thoradh ar ‘Bealach Cliste an Atlantaigh’. Tá cur chuige Bhealach Cliste an Atlantaigh bunaithe ar 5 Phríomhréimse Tosaíochta:

	Ionad Breathnaithe Cliste Réigiúnach
	Infreastruchtúr agus Seirbhísí Sonraí
	Ríomh-Rialachas
	Líonra Gnó Cliste
	Pobail Chliste

Tá Bealach Cliste an Atlantaigh á stiúradh ag Mathieu D'Aquin, Stiúrthóir Eolaíochta, OÉ Gaillimh agus Clodagh Barry, Feidhmeannach Forbartha Réigiúnaí, WDC.

Tionscadail AE Forbartha Réigiúnaí - Acmhainn don Réigiún agus dá pháirtithe leasmhara

Tá WDC ag leanúint le rochtain uathúil a thairiscint do Réigiún an Iarthair ar thionscadail straitéiseacha, chomhtháite atá á maoiniú ag an AE a raibh athrú dáiríre in earnálacha cosúil leis an ngeilleagar cruthaitheach, Fuinneamh in-athnuaite etc. mar thoradh leo. Ar an iomlán, cuireadh beagnach €13.5 M i maoiniú gníomhach AE ar fáil do WDC agus a chomhpháirtithe réigiúnacha (OÉG, Sccul, Údaráis áitiúla etc.) in 2018. Bhain an maoiniú seo úsáid as obair leanúnach acmhainní infheistíochta, anailíse agus forbartha WDC lena chinntiú gur baineadh athrú inbhuanaithe amach sa réigiún.


Seo a leanas cuid de na buaicphointí:

Tionscadal LECó

Tá tionscadal na bPobal Áitiúil Fuinnimh (LECo) á mhaoiniú ag clár NPA agus is fiú €1.95m é. Reáchtáladh an clár idir Meán Fómhair 2017 agus Aibreán 2020. Freagraíonn tionscadal LECó do riachtanais pobal iargúlta soláthar fuinnimh inbhuanaithe a bheith acu. Is é an cuspóir atá ann teicneolaíochtaí nuálacha nua a nascadh le hacmhainní nádúrtha atá ar fáil go háitiúil (gaoth, uisce, grian agus bithmhais, lena n-áirítear dramhaíl ó thithe, talmhaíocht agus tionscail), bunaithe ar shamhail an gheilleagair chiorclaigh áitiúil. Tabharfaidh an tionscadal seo taithí, eolas agus saineolas chomhpháirtithe an tionscadail le chéile agus soláthróidh sé coinníollacha chun Pobail Áitiúla Fuinnimh atá féinleorga ó thaobh fuinnimh de a sholáthar. Tá WDC i mbun phacáiste oibre 1 a stiúradh, agus tá turas staidéir maidir le fuinneamh pobail chun na Gearmáine curtha i gcrích in 2018 mar aon le staidéir féidearthachta le haghaidh 3 pobal.



LECo
Local Energy Communities



tionscadal creative momentum

Tionscadal trí bliana (Bealtaine 2015-Bealtaine 2018) ba ea **creative momentum** a raibh sé



mar aidhm leis tacú le forbairt earnáil na dtionscal cruthaitheach. Bhí sé á chómhaoiniú ag Clár Forimill & Artach an Tuaiscirt. Ba é WDC an príomh-chomhpháirtí agus bhí comhpháirtithe eile i dTuaisceart Éireann, sa tSualainn, san Fhionlainn agus san Íoslainn. Tháinig deireadh leis an tionscadal seo i rith 2018 agus seo thíos roinnt de phríomhéachtaí an tionscadail:

- Foilsíodh 242 próifíl ar ardán ar líne athdheartha www.MyCreativeEdge.eu.
- 90,000 seisiún ó 70,000 úsáideoir ar MyCreativeEdge.eu ó cuireadh tús leis an tionscadal 'creative momentum'.
- 42 fótaisheisiún gairmiúil d'fhiontair chruthaitheacha in Éirinn, san Fhionlainn agus Tuaisceart Éireann.
- 41 imeacht faisnéise & líonraithe Malairte Cruthaithí i gcúig chontae.
- Tacaíodh le 59 gairmí cruthaitheach chun páirt a ghlacadh i gcúig Teophointe Chruthaitheacha – Féile Ceol Tíre Urkult, an tSualainn; Digital DNA @ The Planetarium, Tuaisceart Éireann; An tSeachtain Dearaidh Artach, an Fhionlainn; Féile Ealaíona Pobail Vaka, an Íoslainn; Fleadh Scannán na Gaillimhe, Éire
- Ceithre bhabhta de phróiseas ceardlann nuálaíochta comhoibritheach Chéimeanna Cruthaitheacha 2.0 a raibh 22 fiontar agus 45 mac léinn páirteach iontu.
- Tacaíodh le 22 fiontar cruthaitheach chun páirt a ghlacadh in Aonach Trádála idirnáisiúnta.
- Clár Meaitseála Creative2Creative a mheaitseáil gairmithe cruthaitheacha ó thíortha difriúla ar líne.
- Cúig thuarascáil mheasúnachta Tionchair Gheilleagraigh & Shóisialta agus cúig thuarascáil Measúnachta Tacaíochta foilsithe, tuarascáil amháin le haghaidh gach réigiúin.

Reáchtáladh comhdháil clabhsúir an tionscadail i nGaillimh ar an 12 Aibreán. Rinneadh láithreoireacht maidir le príomh-aschuir an tionscadail, agus faoi Shraith Straitéisí na Samhla Gnó. Reáchtáladh díospóireacht phainéil ina dhiaidh sin le fiontair chruthaitheacha agus le gníomhaireachtaí tacaíochta.



An Dr Silvia Guglielmini, WDC, An Dr Aisling Murtagh agus An Dr Patrick Collins, OÉG, Pauline White, Uasal, WDC agus an tUasal Leo Scarff, Cathaoirleach na Comhdhála.

D'fhoilsigh comhpháirtithe tionscadail 21 Tuarascáil Deiridh Aschuir agus Taighde idir Márta agus Meán Fómhair 2018:

- Sraith Straitéisí na Samhla Gnó (OÉG) an 14 Márta
- Tuarascálacha Measúnachta Tionchair Gheilleagraigh & Shóisialta (OÉG) an 16 Aibreán
- Measúnú Tacaíochtaí: Tuaisceart na Fionlainne (OÉG) an 4 Bealtaine
- Measúnú Tacaíochtaí: Oirthuaisceart na hÍoslainne (OÉG) an 11 Bealtaine
- Measúnú Tacaíochtaí: Västerorrland (OÉG) an 18 Bealtaine
- Creative Hotspots (WDC) an 29 Bealtaine
- Innéacs Cultúrtha (OÉG) an 2 Meitheamh
- Creative2Creative Matching (Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha na Laplainne agus WDC) an 5 Meitheamh
- Building MyCreativeEdg.eu (WDC) an 12 Meitheamh
- Innéacs Fiontar Cruthaitheach (OÉG) an 12 Meitheamh
- Líonra de Spásanna Cruthaitheacha Comhroinnte (Comhairle Buirge Chathair Ard Mhacha, Dhroichead na Banna & Craigavon agus WDC) an 19 Meitheamh
- Measúnú Tacaíochtaí: Oirdheisceart Thuaisceart Éireann (OÉG) an 22 Meitheamh
- Sraith Straitéisí Pitseála Físeáin (Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha na Laplainne) an 25 Meitheamh
- Conairí Cruthaitheacha (Comhairle Buirge Chathair Ard Mhacha, Dhroichead na Banna & Craigavon agus WDC) an 3 Iúil
- Innéacs Cultúr Digiteach (OÉG) an 6 Iúil
- Céimeanna Cruthaitheacha 2.0 (Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha na Laplainne agus WDC) an 10 Iúil
- Malartuithe Cruthaitheacha (ACBC agus WDC) an 17 Iúil
- Measúnú Tacaíochtaí: Iarthar na hÉireann (OÉG) an 20 Iúil
- Tacaíocht Aontaí Trádála (WDC) an 24 Iúil
- Innéacs Geilleagar Cruthaitheach (OÉG) an 27 Lúnasa
- Innéacs Geilleagar Cultúrtha (OÉG) an 6 Meán Fómhair



FREED

In 2016 chuir WDC lena ról mar chomhpháirtí i dTionscadal FREED (Acmhainní Maoinithe do Nuálaíocht i bhForbairt Fiontar Fuinnimh), tionscadal a bhí á mhaoiniú faoi Chlár Forimill agus Artach an Tuaiscirt 2014-2020 Interreg, a raibh buiséad iomlán de €1.996.898,09 luaite leis.

Comhpháirtíocht chomhoibritheach a bhí sa tionscadal a reáchtáladh idir 2016 agus 2018 idir gnólaicthe infheistíochta príobháideacha, institiúidí T&F, coláistí oideachais agus comhlachtaí poiblí ó Albain, Tuaisceart Éireann, an Iorua, an Ríocht Aontaithe, an Ghearmáin agus Éire agus ba é Ollscoil Oulu san Fhionlainn a bhí á stiúradh. In 2018 lean an tionscadal ar aghaidh le cruinnithe comhpháirtithe san Fhionlainn agus in Inis Ceithleann. I rith 2018 rinneadh tuilleadh forbartha ar na sé Nuálaíocht i dTeicneolaíocht Fuinnimh a roghnaíodh trí phróiseas meastóireachta trasnásiúnta in 2017. Thacaigh WDC le Proair Heat Recovery Ventilation Systems Ltd. atá i mbun an chéad ghlúin eile de Chóras Rialaithe Aeráide Faoi Dhíon a fhorbairt. I measc na gcineálacha tacaíochtaí a cuireadh ar fáil don sé chuideachta nuálacha bhí pleanáil ghnó, airgeadais agus forbartha margaidh.

D'fhorbair FREED seirbhís a mhapálann féidearthachtaí infheistíochta poiblí agus príobháideacha le haghaidh FBManna, príomhchinntitheach ratha i ndáil le nuálaíocht a spreagadh.

Chun maoiniú a rochtain, féadfaidh FBManna brath ar sheirbhísí idirmheánacha.

D'oibrigh FREED le cuideachtaí agus le FBManna chun a leithéid de sheirbhís a chur ar fáil. Tarraingíonn seirbhís FREED aird ar mhaoiniú príobháideach agus poiblí agus roghanna tacaíochta atá ar fáil do FBManna atá páirteach i Nuálaíocht Fuinnimh.

CÁS-STAIDÉAR

ProAir Co. na Gaillimhe

Is teaschaidéal beag é PAICCS (Proair Córas Rialaithe Aeráide Faoi Dhíon)



a bhfuil feidhmíocht i bhfad níos airde ná mar is gnáth malartóir plátach air go haer luaite leis. Tá an cumas ag an socrú comhcheangailte seo comhéifeacht feidhmíochta de (níos mó ná) >10 a tháirgeadh. Tá sé seo cothrom le dhá oiread níos mó ná an córas iomaíoch. D'fhéadfadh an coincheap nuálach seo an bealach a théitear agus a aeráiltear tithe a athrú ó bhonn agus cur isteach ar chórais thraidisiúnta cosúil le radaitheoirí agus teas faoin urlár. Sholáthair WDC tríd an tionscadal FREED cúnamh chun an coincheap seo a fhorbairt chuig an gcéad chéim eile den fhorbairt trí chistí a fháil le haghaidh tuilleadh forbartha sa réigiún.



Tionscadal *EXTRA SME* - Chun Dlús A Chur Le Hiomaíochas Fbmanna & Eisdíritheacht I Ngeilleagair Dobharshaothraithe Cósta & Tuaithe Ae

I mBealtaine 2018, cuireadh maoiniú ar fáil do WDC mar chuid de chomhpháirtíocht thrasnáisiúnta don tionscadal *EXTRA SME*.

Tá an tionscadal dírithe ar FBManna do bharshaothraithe agus ar shlabhraí breislúacha réigiúnacha agus is é an aidhm atá ann nuálaíocht a spreagadh i gcórais táirgthe, cainéil soláthair agus próisis riaracháin. Is í an fhís atá ag *EXTRA SME* na coinníollacha a bhunú le rochtain níos fearr ar tháirgí do bharshaothraithe AE a sholáthar i margaí nua agus idirnáisiúnta. Tá *EXTRA SME* á chómhaoiniú ag INTERREG Europe / Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)

Is é an cuspóir atá luaite leis dlús a chur le hiomaíochas agus eisdíritheacht FBManna do bharshaothraithe tuaithe agus cósta, acmhainní a fhorbairt le haghaidh gníomhaíochtaí inmheánaithe, líonraí de FBManna do bharshaothraithe a nuachóiriú agus nósanna imeachta riaracháin a shimpliú agus a chomhoiriúnú.

Is tionscadal 5 bliana é *EXTRA SME* atá dírithe ar phiarfhoghlaim, taighde comhpháirteach agus forbairt pleananna críche maidir le do bharshaothrá

Taighde comparáideach ar chreataí rialála oibríochtaí do bharshaothraithe lena n-áirítear taighde margaidh, táirgí agus próisis agus tiománaithe agus bac ar thráchtáil idirnáisiúnta a mhapáil.

Infheistíonn *EXTRA SME* i sineirgí le gach páirtí leasmhar, agus i ngníomhaíochtaí


scaipthe (ceardlanna AE & idir-réigiúnacha, laethanta faisnéise, cuairteanna suímh) Áireofar ann chomh maith taisclann AE de pháirtithe leasmhara a fhorbairt ar mhaithe le hacmhainní comhordaithe a mhéadú

Tá plean gníomhaíochta *EXTRA SME* dírithe ar idirghabhálacha agus ar bhearta polasaí chun dlús a chur faoi rannpháirtíocht in *EXTRA SME* i réigiúin na gcomhpháirtithe.

Soláthróidh Buntáistí *EXTRA SME* breislúach do pháirtithe leasmhara sa slabhra breislúacha do bharshaothraithe a bhíonn mar thoradh ar pholasaí do bharshaothraithe agus acmhainn bainistíochta méadaithe trí bhearta a bhfuil tionchar acu ar sholáthar agus éileamh agus inbhuanaitheacht shoch-chomhshaoil áitiúil/réigiúnach a mhéadú. Beidh níos mó féidearthachtaí ag baint leis an margadh mar aon le líonraí dáileacháin feabhsaithe mar thoradh ar infreastruchtúr úrscothach a chur chun feidhme a thacóidh le hionchuir agus seirbhísí, táirgeadh, iompar agus próiseáil mar aon le margaíocht.



European Union
European Regional
Development Fund



Comhpháirtithe Tionscadail:

- Réigiún na Peilipínise (EL)
- An Réigiún Liogúrach (IT)
- Comhlachas Tráchtála an Tuaiscirt in Szczecin (PL)
- Gníomhaireacht Forbartha Réigiúnaí Bhúcairist-Ilfov (RO)
- Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha na Laplainne (FL)
- Ollscoil Patras (EL)
- Coimisiún Forbartha an Iarthair (IE)
- Braisle Liogúrach na dTeicneolaíochtaí Mara (IT)
- Réigiún Náisiúnta Institiúidí Poiblí
- Gníomhaireacht Forbartha (LT)



An Chéad Chruinniú Comhpháirtí in Tripilí in Iúil 2018

GREBE


In 2018 chuir WDC críoch leis an tionscadal “Grebe”, tionscadal a bhí bunaithe ar fhuinneamh In-athnuaite, agus ba é WDC an príomh-chomhpháirtí.

Tá Tionscadal GREBE dírithe ar Fhiontar Gnó Fuinneamh In-athnuaite i Réigiún Forimill agus Artach an Tuaiscirt.

Tionscadal trí bliana ba ea é seo a raibh comhpháirtithe as Éireann, Tuaisceart Éireann, Albain, an Fhionlainn, an Iorua agus an Íoslainn páirteach ann, a bhí dírithe ar na dúshláin atá os comhair FBManna fuinneamh in-athnuaite atá lonnaithe i réigiúin fhorimeallacha agus artacha a shárú, lena n-áirítear ganntanas mais chriticiúil, lonnaíochtaí scaipthe, inrochtaineacht mhíshásúil, deiseanna líonraithe teoranta agus leochaileacht don athrú aeráide.

Chuir tionscadal GREBE ar chumas FBManna agus gnólaigh nuathionscanta na scileanna agus an mhuinín a shealbhú a theastaíonn chun na dúshláin seo a shárú trí thacú le 45 gnó trí scéim meantóireachta ar a dtugtar Scéim Cumasóra an Fhiontraí, agus tacú le hoiliúint agus le líonrú ar ár Mol Fíorúil Smaointe Fuinnimh ar ár n-ardán oiliúna renewablebusiness.eu.

D’fhorbair GREBE Treochlár chun Margaidh le haghaidh gnóthaí fuinneamh in-athnuaite agus imlonnú táirgí agus seirbhísí nua, mar aon le huirlis cinnteoireachta maidir le roghanna maoinithe le haghaidh FBManna chun rochtain a fháil ar fhoinsí maoinithe chun a gnó a fhorbairt.



CÁS-STADÉAR

Comharchumann Fuinnimh Chlár Chlainne Mhuiris

Is fiontar pobail é Comharchumann Fuinnimh Chlár Chlainne Mhuiris agus Cheantar an Iarthair atá dírithe ar fhorbairt agus ar thráchtáil teicneolaíochtaí fuinneamh in-athnuaite.



Tá an grúpa dírithe ar thionscadail fuinneamh in-athnuaite atá inmharthana ar bhonn airgeadais a fhorbairt trí chlár oideachais a bhfuil a bpríomh-inniúlachtaí dírithe ar théamh ceantair, grian, bithghás, agus mion-úsáidí eangaí.

Chomh maith leis sin, tá sé mar aidhm ag an gcomharchumann oideachas a chur ar an bpobal maidir leis na buntáistí a bhaineann le húinéireacht pobail, agus fuinneamh in-athnuaite, céard é agus céard iad na himpleachtaí atá aige.





Blitz Partner Meeting 23rd – 24th October 2018
- Killyhevlin Hotel, Enniskillen


Back Row L to R: Sean Doran, Arts Over Borders; Bernie Mooney, Arts Over Borders; Liam Browne, Arts Over Borders; Andy Hallewell, ICBAN; Kimmo Nikkanen, Kajani University of Applied Sciences; Karen Sweeney, Western Development Commission; Anne Barclay, Wigtown Festival Company; Marlene Kohlmeier-Autto, Lapland University of Applied Sciences; Ian Brannigan, Western Development Commission.

Front Row L to R: Shane Campbell, ICBAN; Mary Keaveney, Western Development Commission; Helena Aaltonen, Regional Council of Kainuu; Minna Mustonen, Regional Council of Kainuu.

Tionscadal Blitz (Gnó Criosanna Litríochta) NPA

I Meán Fómhair 2018, bronnadh maoiniú ar WDC i dteannta le comhpháirtithe as Tuaisceart Éireann, Albain, an Íoslainn agus an Fhionlainn chun tionscadal bunaithe ar Thurasóireacht Liteartha a fhorbairt. Bronnadh maoiniú ar an tionscadal dar teideal BLITZ faoi Chlár Interreg Forimill agus Artach an Tuaiscirt Tosaíocht Ais 2 – Fiontraíocht, cuspóir sonrach 2.2 - Clúdach margaidh sa bhreis ar mhargáí áitiúla do FBManna i gceantair iargúlta agus le daonra scaipthe.

Tá go leor focón liteartha agus tírdhreach den chéad scoth lonnaithe i Réigiún NPA. De bhrí go bhfuil na leibhéil de ghníomhaíocht Turasóireacht Liteartha íseal in NPA faoi láthair, is eanáil í a mbaineann deiseanna forbartha léi. Déileálann an tionscadal seo leis an ngá atá le forbairt agus le margáíocht chomhroinnte sócmhainní reatha agus forbairt sócmhainní nua, a fhreagraíonn do riachtanais liteartha agus cultúrtha tomhaltóirí, agus a bheidh mar thoradh le táirge comhtháite de thurasóireacht chultúrtha a mbeidh tionchar geilleagrach níos mó aige ná mar a bheidh ag tionscadail a forbraíodh ina n-aonar ag leibhéal náisiúnta.



Reachtálfar an tionscadal idir Deireadh Fómhair 2018 agus Meán Fómhair 2021. Déanfaidh WDC maoirseacht ar ghné Cumarsáide an tionscadail agus forbairt clár tacaíochta FBM chun táirgí/seirbhísí nua a fhorbairt ar fud NPA a bheidh mar bhonn leis an táirge turasóireacht liteartha atá á chur ar fáil a fheabhsú.

Blue Circular Economy (BCE)

D'éirigh leis an iarratas a chuir WDC chuig EU Interreg, agus fuarthas maoiniú de bhreis ar €1.9 M lena chinntiú go mbeidh ár gcuid aigéan níos glaine.



**BLUE CIRCULAR
ECONOMY**



Cuirfidh GCG leis an rath a bhí ar thionscadal an Aigéin Chiorclaigh, a dhíríonn ar bhruscar mara mar fhadhb thrasnáisiúnta, agus glacann GCG le cur chuige comhoibríoch trasteorann a bhfuil sé mar aidhm leis na FBManna laistigh den réigiún sin ar féidir leo an timthriall le haghaidh plaisteach ó Chomhchodanna Athchúrsála lascach Eangaí a thabhairt chun críche a aimsiú/a bhunú, a nuáil agus a chur chun cinn ar bhealach inbhuanaithe.



Foireann Thionscadal an Gheilleagair Chiorclaigh Ghoirm

Cuirfidh GCG leis an líonra fiontraithe, gnóthaí agus pobal forbartha faoi thionscadal an Aigéin Chiorclaigh (2015-2018) agus cuirfidh sé ar a gcumas a bheith páirteach sa tionscadal ag gach céim, agus eolas a chur ar fáil agus tionchar a imirt ar nádúr agus ar riachtanais ár gceardlann scaipthe eolais agus ár gcampaí éiceanuálaíochta chun rannpháirtíocht agus gníomhartha ábhartha agus cuiditheacha a sholáthar.

Bizmentors

In 2018 bhí WDC i mbun comhpháirtíochta a fuair maoiniú de €1,343,000 ó chlár Interreg EU Forimill agus Artach an Tuaiscirt (NPA) a stiúradh. Is é atá mar aidhm leis an tionscadal, Bizmentors, samhail thrasnáisiúnta a fhorbairt le haghaidh rochtain pro-bono ar eolas gnó le haghaidh FBManna i réigiúin fhorimeallacha.



Déanfaidh sé iarracht réiteach meantóireachta saor in aisce a chur ar fáil don cheithre réigiún comhpháirtíochta NPA a bheidh mar bhonn le samhla gnó nua chun tacú le FBManna agus ba cheart go mbeadh maoiniú á fháil ag 47 FBM faoin tionscnamh. Páirteach sa chomhpháirtíocht tá SCCUL as Gaillimh, Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí, Ollscoil Savonia na Fionlainne, agus comhpháirtithe Forbartha ón Íoslainn.

ReDirect

Is tionscadal Interreg in Iarthuaisceart na hEorpa é RE-DIRECT atá á stiúradh ag Ollscoil Kassel sa Ghearmáin agus tá comhpháirtithe tionscadail lonnaithe i gcúig náisiún Eorpacha difriúla, Éire san áireamh. Tá Cumann Bithfhuinnimh na hÉireann (IrBea) ag obair i dteannta le WDC. Is é an aidhm atá leis an tionscadal thart ar 34 milliún tona de bhiomhais iarmharach a tharlaíonn ar fud réigiúin an AE gach bliain, a thiontú go foinse dhúchasach de bithghualach nó carbón gníomhachtaithe.




Tá sé mar aidhm ag RE-DIRECT cur chuige atá dírithe ar gheilleagar ciorclach inbhuanaithe a fhorbairt chun bithmhais a bhainistiú. D'fhéadfadh cur chuige RE-DIRECT agus an fhorbairt a d'fhéadfaí a dhéanamh ar tháirgeadh bithghualach dúchasach/carbón gníomhachtaithe cabhrú linn cuid dár spriocanna fuinneamh in-athnuaite agus spriocanna cáilíochta uisce a chomhlíonadh.

I gcomhthéacs Chreat-treoir Uisce an AE ina leagtar amach na ceanglais chun cáilíocht screamhuisce agus uisce dromchla a fheabhsú agus, le níos mó iarrachtaí á ndéanamh reachtaíocht a fhorbairt ina sonraítear luachanna teorann le haghaidh substaintí tosaíochta a d'fhéadfadh a bheith díobhálach don chomhshaol cosúil le hantaibheathaigh, luibhicídí agus feithicídí ó dhul isteach inár n-uiscebhealaí, - tá cur chuige RE-DIRECT tráthúil. I láthair na huair, tá an carbón gníomhachtaithe ar fad beagnach á iompórtáil agus tá an táirgeadh á dhéanamh i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise den chuid is mó, agus is é an t-ábhar foinseach atá in úsáid go ginearálta crotail cnónna cócóc, bambú, móin nó gual donn, agus, go hiondúil cosnaíonn sé €1500 le haghaidh an tona nó níos mó. Meastar i staidéir mhargaidh go dtiocfaidh fás seasta ar an margadh bithghualaigh agus carbóin ghníomhachtaithe sna blianta amach romhainn.

Reáchtáil WDC an chéad chomhdháil carbóin i gClár Chlainne Mhuirís i nDeireadh Fómhair 2018, agus cuireadh aighneacht chuig SRSG maidir leis an deis a bhain le Carbón. Táimid ag leanúint ar aghaidh ag obair lenár FBManna agus lenár gcomhpháirtí IRBea chun dlús a chur leis an deis a bhaineann le bithghualach agus le Carbón Gníomhachtaithe. Is í an chéad chéim eile áis taispeántóra a sholáthar sa réigiún, chun léargas a thabhairt ar an teicneolaíocht agus chun ardán foghlama a chur ar fáil.



CUID 4



FORBAIRT RÉIGIÚNACH

CISTE INFHEISTÍOCHTA WDC

Caipiteal riosca a chur ar fáil do Mhicrithionscadail, Gnóthais Bheaga agus Mheánacha agus Fiontair Shóisialta (sna céimeanna nuathionscanta agus forbartha) trí Chiste Infheistíochta WDC (CI)

Is ciste atá á bhainistiú ag WDC é Ciste Infheistíochta WDC (CI) atá ag cur caipiteal riosca (sólchaipiteal agus caipiteal fiontair agus maoiniú iasachta) ar fáil do mhicrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus fiontair shóisialta. Is ar bhonn tráchtála a fheidhmíonn an ciste infheistíochta. Déantar infheistíochtaí cothromais trí úsáid a bhaint as Prionsabal Infheisteora an Gheilleagair Margaigh.

Tugtar iasachtaí de réir téarmaí tráchtála agus is ionann an ráta úis a ghearrtar agus an Ráta Tagartha infheidhme d'Éirinn. Go dtí seo, tá beagán os cionn €52 milliún infheistithe ag WDC in 156 FBM, micrifhiontar agus fiontar sóisialta sa réigiún.

In 2018, d'infheistigh WDC €3.7m in 22 FBM, micrifhiontair agus fiontair shóisialta a sholáthraíonn fostaíocht ardaithe in earnálacha lena n-áirítear gléasanna leighis agus forbairt bogearraí, déantúsaíocht ardteicneolaíochta agus fiontair chruthaitheacha, mar aon le seirbhísí do phobail áitiúla a bhfuil géarghá leo. Ghiarail infheistíocht WDC in 2018 breis is €31 milliún in infheistíocht bhreise sa réigiún. Le haghaidh gach euro a infheistíonn WDC, gearáladh €8.40 eile le haghaidh fiontar sa réigiún.

Rochtain ar Airgeadas i rith 2018



22

gnóthas le tacaíocht



€3.7M

a híocadh



€31M

Géillte d'fhiontair

Ciste Infheistíochta Gnó

Soláthraíonn an Ciste Infheistíochta Gnó infheistíocht cothromais agus maoiniú iasachta do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide (FBManna). Bhí na hinfeistíochtaí cothromais cothrom le idir €100,000 agus €2 mhilliún agus de ghnáth is fiú idir €300,000 agus €500,000 an chéad bhabhta infheistíochtaí. Bhí an maoiniú iasachta cothrom le idir €25,000 agus €300,000 ar bhonn amúchta.

Déantar infheistíochtaí i raon earnálacha ach leagtar béim ar leith ar thacú leis na hearnálacha seo a leanas:

- Teicneolaíocht Ghlan
- Tionscail Chruthaitheacha
- Bia & Acmhainní Nádúrtha
- Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide
- Déantúsaíocht agus Seirbhísí a Thrádáiltear go hIdirnáisiúnta
- Teicneolaíocht Mhíochaine & Eolaíochtaí na Beatha
- Turasóireacht

CÁS-STADÉAR

Kite Medical Ltd



D'éirigh le Kite Medical Ltd. síolchaipiteal de €1.5 milliún a fháil agus d'infheistigh WDC ann. Úsáidfean an maoiniú seo chun gléas a thairgeann modh saor ó phian, neamhionrach chun aife duáin a thabhairt faoi deara i leanaí, a thráchtálú. Tá aife duáin le tabhairt faoi deara in suas le 2.5% de leanaí agus in 30 – 40 % dóibh siúd ag a bhfuil ionfhabhtuithe chonair an fhuail. Áirítear sa riocht seo aife fuail ón lamhnán go dtí na duáin agus tá iarmhairtí diagnóis amú tromchúiseach, galar duáin ainsealach ina measc.



Ó chlé Paul Frehill (CTO), Sarah Loughney (CSO & Bunaitheoir) agus Joan Fitzpatrick (POF)

Teastaíonn cataitéar, an lamhnán a líonadh d'aon turas agus nochtadh radaíochta don tástáil dhiagnóiseach atá ar fáil faoi láthair, rud is cúis le pian agus tráma do leanaí. I gcodarsnacht leis sin, gléas inchaite atá deartha ag Kite Medical agus beidh an leambh in ann braiteoirí a chaitheamh chun aife i rith gnáth-thimthriallta fuail a bhrath. Athróidh an gléas seo brath aife duáin ó bhonn, ó shuíomh ospidéal chuig suíomh cúraim phríomhúil oifige agus is féidir monatóireacht sa bhaile a dhéanamh freisin fiú. Tá gléas Kite Medical ag freastal ar mhargadh ar fiú beagnach €500 milliún é, atá cruthaithe ag éascaíocht úsáide agus a oiriúnaí is atá an nuálaíocht do leanaí. Chomh maith leis sin, beidh gléas Kite Medical in ann tairbhe a bhaint as an bhfás i dtreochtaí an chúraim sláinte digitéil.

CÁS-STADÉAR

Class Grass Ltd



Ceist shimplí ó leambh a spreag an smaoineamh d'fhiontar gnó nua Padraic Cuddy agus a theaghlach. Bhí páirc spraoi á lorg ag Tommy, mac trí bliana d'aois Phadraic, chun a ainmhithe feirme ar fad a chur ar féarach. Chruthaigh Padraic páirc bheag spraoi dó ina raibh fálú agus geata traidisiúnta adhmaid. Bhí sé in ann úsáid a bhaint as áiseanna a chuideachta soláthraithe táirgí féar saorga, Class Grass, chun an pháirc agus an fálú a chruthú as an táirge féir seo a bhfuil cuma nádúrtha air. Tá scéal na Páirce imithe ó neart go neart agus tá aird na meán náisiúnta agus idirnáisiúnta tarraingthe air. In 2018 thacaigh WDC leis an gcuideachta leis an gcéad chéim eile forbartha - leathnú i margadh na Stát Aontaithe trí iasacht théarmach a chur ar fáil. Fostóidh an cuideachta, atá bunaithe i mBaile Mhic Oireachtaigh, Co. Ros Comáin, cúigear nuair a bheidh forbairt déanta ar mhargadh na Stát Aontaithe.



“Chuir iasacht ó Chiste Iasachta Gnó WDC ar ár gcumas Class Grass a fhorbairt i margadh na Stát Aontaithe agus ár mbréagáin do leanaí a dhíol ansin”

Padraic Cuddy, Stiúrthóir, Class Grass

Ciste Micriasachta: Tionscail Chruthaitheacha

Tá an Ciste Micriasachta bunaithe ar bhonn príomhshrutha ag WDC: Tionscail Chruthaitheacha. Is é atá mar aidhm leis an gciste tacú leis na tionscail chruthaitheacha, arb ionann é, de réir taighde suntasach atá déanta ag WDC, agus réimse a mbaineann poitéinseal fáis leis sa réigiún. Bíonn deacracht ag Tionscail Chruthaitheacha rochtain a fháil ar mhaoiniú agus, dá réir sin, tá sé mar

aidhm leis an gciste seo déileáil leis an deacracht seo trí shás maoinithe tráthúil agus oiriúnach. Is fianaise é an tionscnamh seo ar thiomantas WDC d'fhorbairt fiontar, agus an bhéim atá á leagan ar inbhuanaitheacht agus fás réigiúnach trí fhostaíocht, fiontar agus easpórtáil. Bunaithe ar an rath a bhí ar an gciste piolótach, tá an ciste bunaithe ar bhonn buan.

Ciste LCRI

Is ciste réigiúnach ar fiú €2,000,000 é Ciste Léiritheoirí Closamhairc Réigiún an Iarthair (LCRI) a bhfuil sé mar aidhm leis táirgeadh ábhar in Iarthar na hÉireann a spreagadh agus tacú leis. Tagann an buiséad caipitil de €2,000,000 ó na cistí imrothlacha atá ginte ag Ciste Infheistíochta WDC. Is tionscnamh de chuid Ionad Scannán na Gaillimhe (ISG) agus Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) é Ciste LCRI i gcomhpháirt leis na húdaráis áitiúla in An Clár, Dún na nGall, Cathair na Gaillimhe, Contae na Gaillimhe, Maigh Eo, Ros Comáin, Sligeach agus Údarás na Gaeltachta. Sheol an tAire Sean Kyne, T.D. an Ciste i nDeireadh Fómhair 2017, agus cuireadh tús leis na hoibríochtaí in Aibreán 2018 nuair a ceapadh Bainisteoir Forbartha LCRI.

Is féidir leis na hearnálacha seo a leanas tairbhe a bhaint as LCRI:

- Feature Film
- Television Drama
- Animation
- Games

Tá sé mar aidhm le LCRI tacú le 3-5 Léiriúchán gach bliain agus infheistíocht suas le €200,000 ar a mhéad a chur ar fáil do gach tionscadal. Chun a bheith incháilithe, ní mór go mbeadh maoiniú margaidh faighte ag tionscadail agus go mbeadh cuid shuntasach den léiriúchán á dhéanamh laistigh de Réigiún LCRI, lena n-áirítear An Clár, Dún na nGall, Gaillimh, Maigh Eo, Sligeach agus Ros Comáin. Lorgtar cóimheas caiteachais 3:1, ar a laghad, ar gach Infheistíocht.

Chomh maith leis sin, soláthróidh LCRI Maoiniú Forbartha de suas le €15,000 agus tá cead ag léiritheoirí/cuideachtaí léiriúcháin réigiúnbhunaithe atá ag lorg tacaíochta chun an obair forbartha riachtanach le haghaidh tionscadal a chur i gcrích iarratas a dhéanamh, lena n-áirítear:

Tá cúig thairiscint de thacaíocht léiriúcháin déanta ag LCRI in 2018 atá cothrom le €530,000 le haghaidh trí phríomhscannán, clár faisnéise amháin agus beochan



"Is tionscnamh tábhachtach é Ciste LCRI don réigiún chomh fada is a bhaineann leis na deiseanna a sholáthraíonn sé do dhaoine cumasacha atá ag obair in earnálacha cosúil le Scannán, Teilifís, Beochan agus Cluichí. Deis chomhpháirtíochta ar leith atá ann freisin idir na n-ocht n-údarás áitiúla, Ionad Scannán na Gaillimhe agus WDC, a raibh sé de chiall acu tacú leis an Earnáil Chlosamhairc ag tráth a raibh deiseanna iontacha ann don réigiún."

Alan Duggan, Bainisteoir Ionad Scannán na Gaillimhe

amháin. Rinneadh an chéad ghairm ar mhaoiniú forbartha i nDeireadh Fómhair 2018 agus ceadaíodh maoiniú de €70,000 le haghaidh cúig thionscadal.

Tá an caiteachas réigiúnach comhcheangailte ó na léiriúcháin seo cothrom le €4.28 milliún, a ghinfidh cóimheas caiteachais ionchais 8:1. Ceanglaítear ar léiriúcháin tallann áitiúil a fhóstu sa chliar agus sa chriú agus deiseanna oiliúna agus uasoiliúna más féidir. Ceanglaítear ar léiriúcháin tús áite a thabhairt d'úsáid a bhaint as díoltóirí agus soláthraithe réigiúnacha earraí/seirbhíse.

Ciste Iasachta Pobail


Iasacht Théarmach

Tá smaointe fiúntacha ag go leor grúpaí pobail agus fiontar sóisialta i Réigiún an Iarthair maidir le conas is féidir leo saol socheacnamaíoch a bpobail a fheabhsú. Á chur seo san áireamh, tá Ciste Iasachta Pobail WDC deartha go sonrach chun caipiteal a chur ar fáil do ghrúpaí mar sin rochtain a fháil ar chaipiteal chun cabhrú leo a bhfís a thabhairt chun beochta. Déanann Ciste Iasachta Pobail WDC iarracht a bheith chomh solúbtha agus is féidir le hiarratasóirí. Tá ráta úis sheasta íseal de 3% á thairiscint aige do théarma na hiasachta agus níl aon táille shocráithe le hióc. Ní theastaíonn ráthaíochtaí pearsanta ó WDC. Breithnítear méideanna iasachta idir €10,000 agus €100,000.

Is féidir tacú le gach cineál tionscadal fiontar shóisialta. Ina measc, tionscnaimh chruthaithe fostaíochta lena n-áirítear spás fiontraíochta a chur ar fáil, tionscnaimh sláinte agus folláine a fheabhsaíonn an timpeallacht fhisiciúil trí áiseanna sóisialta agus áineasa a chur ar fáil nó seirbhísí cúraim shóisialta.

“Chiallaigh an áis idirlinne a chuir WDC ar fáil dúinn go rabhamar in ann dlús a chur le hathfhorbairt na n-áiseanna inár gClub. Is mór an chabhair é an ráta úis íseal 1% agus an socrú nach gá ráthaíochtaí pearsanta do ghrúpaí deonacha cosúil linn féin”

Sean Scott, Cathaoirleach,
Club CLG Chláirsigh an Oirthir



Áis Maoinithe Idirlinne

Éiríonn le go leor grúpaí pobail agus fiontar sóisialta rochtain a fháil ar chúnamh deontais chun a bhfís dá bpobal a thabhairt chun beochta. Is iad téarmaí fhorhmór na ndeontas, áfach, go gceanglaítear ar fhaighteoirí an t-airgead a chaitheamh ar dtús agus an deontas a éileamh ina dhiaidh sin. Cruthaíonn sé seo fadhb le sreabhadh airgid don ghrúpa pobail nó don fiontar sóisialta. Téann WDC i ngleic leis an bhfadhb seo trí mhaoiniú idirlinne a sholáthar nuair a fhaightear litreacha tairisceana ina léirítear go bhfuil cúnamh deontais faighte faoina Chiste Iasachta Pobail. Tá súil ag WDC go gcabhróidh an áis seo lena chinntiú go bhfuil gach tionscadal a bhfuil cúnamh deontais faofa lena n-aghaidh in ann an deontas sin a íostarraingt chun tairbhe a bpobal féin agus an réigiún trí chéile.

CÁS-STAIÉAR

Club CLG Chláirsigh an Oirthir



Is club CLG é Cláirsigh an Oirthir, atá bunaithe amuigh faoin tuath i gCo. Shligigh agus atá freastal ar phobal na Céise agus Ghoirtín. Is eagraíocht dheonach phobalbhunaithe í a chuireann na Cluichí Gaelacha, cultúr agus rannpháirtíocht ar feadh an tsaoil i spóirt agus sa phobal chun cinn.

Tá an club dírithe ar a chinntiú go gcuireann na gníomhaíochtaí saol na mball, na dteaghlach agus an phobail trí chéile chun cinn, agus go gcuireann siad lena saol. Tá siad tiomanta do rannpháirtíocht ghníomhach ar feadh an tsaoil do chách, agus na háiseanna is fearr agus is féidir a sholáthar. Is féidir le gach ball den phobal a bheith páirteach sa chlub. Cinnteofar go mbeidh gach ball ar a chompond i dtimpeallacht shábháilte agus go gcaitear le gach duine le dínit agus meas.

I láthair na huaire tá an club lonnaithe in áis pobail dhá urlár, áis a chosain €287k agus tá €200k faofa don áis faoi chlár Leader. Sholáthair WDC maoiniú idirlinne chun cur ar chumas an Chlub tús a chur leis an tionscadal agus an deontas a íostarraingt.

Luasairí Réigiúnacha

Bhí baint ghníomhach ag WDC le trí Luasaire sa réigiún in 2018:

- BioExel ag díriú ar Theicneolaíocht Mhíochaine
- NDRC@Portershed ag díriú ar Chúrsaí Digiteacha
- YieldLab ag díriú ar Theicneolaíocht Talmhaíochta.

Táthar ag súil go dtacódh na cláir seo le gnólachtaí nuathionscanta ag céim an-luath chun dlús a chur lena bhforbairt agus líon na gcuideachtaí rathúla a mhéadú san earnáil teicneolaíochta, trí thairbhe a bhaint as cáil agus dea-theist an réigiúin sna hearnálacha Teicneolaíochta Míochaine, Digiteacha agus Teicneolaíochta Talmhaíochta.

BioExcel

Is clár comhpháirtíochta é BioExel atá á mhaoiniú ag Fiontraíocht Éireann, Coimisiún Forbartha an Iarthair, Fondúireacht Ollscoile na Gaillimhe, Ciste Síolchaipitil agus Cothromais Luathchéime Bhanc na hÉireann agus OÉ Gaillimh.



Lonnaithe ar champas OÉ Gaillimh, tairgeann BioExel €95,000 i maoiniú síolchaipitil d'iaratasóirí rathúla mar aon le sé mhí de dhianoiliúint, meantóireacht, spás saotharlainne agus idirghníomhaíochtaí tacaíthe le hinfheistoirí poitéinsiúla. Tugann an clár seo deis do rannpháirtithe a dteicneolaíochtaí a fhorbairt agus a bhailíochtú ar bhonn tráchtála trí oibriú le líonraí fiontraíochta atá bunaithe cheana féin, meantóirí agus foireann bainistíochta. In 2018, chuir an chéad chohórt de shé chuideachta tús leis an gclár agus tá tús curtha acu anois le tráchtálú a bhfiontar.

NDRC@Portershed

Trí thacaíocht ó WDC, díríonn Luasaire *NDRC@Portershed* ar ghnólachtaí nuathionscanta digiteacha. Tá an Clár Luasaire bunaithe sa Portershed i gCeantar Nuálaíochta na Gaillimhe ach is féidir le gnólachtaí nuathionscanta réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta úsáid a bhaint as. In 2018 chuir an chéad chohórt de sheacht gcuideachta críoch leis an gclár agus tá tús agus críoch curtha leis an dara chohórt ina raibh ochtar rannpháirtithe.



Le cois infheistíochta réamh-shíolchaipitil de €50,000, soláthraítear diantacaíocht agus meantóireacht shaineolach do rannpháirtithe thar thréimhse trí mhí ina gcabhráítear leo an luach is féidir lena gcuideachta a thairiscint do chustaiméirí a thuiscint, obair a dhéanamh ar a straitéis fáis agus ullmhúchán a dhéanamh chun freastal ar éilimh infheistíochtaí agus an mhargaidh araon.

The Yield Lab

Is é *The Yield Lab Europe Accelerator* atá lonnaithe i nGaillimh brainse na hEorpa de luasaire The Yield Lab in St. Louis, SAM. Infheistíonn sé €100,000 i gcuideachtaí teicneolaíochta talmhaíochta luathchéime a athraíonn córais talmhaíochta agus bia ó bhonn chun bia a chur ar fáil, go hinbhuanaithe, don domhan ar fad. I dteannta le caipiteal a sholáthar, soláthraíonn The Yield Lab *Europe* rochtain ar mheantóireacht aonair ó shaineolaithe sa tionscal, rochtain ar luasaire teicneolaíochta talmhaíochta den scoth in Éirinn, agus rochtain ar ghréasán domhanda *The Yield Lab*. Déanann *The Yield Lab Europe* meastóireacht ar chuideachtaí as ar fud an domhain agus cuireadh fáilte roimh an dara chohórt de cheithre chuideachta as Gaillimh in 2018.



Mar aon le láithreach san Eoraip, tá gréasán domhanda cleamhnachta ag *The Yield Lab Ireland* atá ar fáil chun cabhrú le gach cuideachta punainne forbairt a dhéanamh. Soláthraíonn an dlúthnasc le St. Louis nasc cinnte le margaí SAM agus Thuaisceart Mheiriceá.

Toradh ar Infheistíocht

Impleacht shocheacnamaíoch

Trína phunann rathúil infheistíochta, tá léargas tugtha ag WDC ar a éifeachtaí is atá sé chomh fada is a bhaineann le buntáistí suntasacha socheacnamaíocha a bhaint amach don Rialtas trí thacú le fiontar agus le fostaíocht ar bhealach inbhuanaithe.

Tugann taighde a rinneadh le fios¹ mar thoradh ar mheán-leithdháileadh bliantúil státchiste de €3 mhilliún thar thréimhse 10 mbliana go mbeadh cuideachtaí punainne CII ag tacú le fostaíocht a chruthú do bhreis is 5,000 duine.

Tá 2,500 duine fostaithe i gcuideachtaí/i dtionscadail phunainne. Tá an méid céanna post iarteachtach eile arís, ar a laghad, cruthaithe bunaithe ar éifeacht iolraitheora atá cothrom le haon. Bhí an caiteachas bliantúil ar thuarastail agus pána cothrom le €63 milliún, spreagadh suntasach don gheilleagar áitiúil, agus íoctar €18 milliún de seo leis an státchiste i bhfoirm cánacha

7Déantar 70% de láimhdeachas na gcuideachtaí seo á easpórtáil rud atá ag tacú leis an téarnamh bunaithe ar easpórtáil. Táscaire suntasach eile de thionchar agus nuálaíocht gheilleagrach é an caiteachas €24m ar Thaighde & Forbairt. Tá breis is ceathrú billiún d'infheistíocht faighte ag fiontair a bhfuil CII ag tacú leo.

Ina theannta sin, gineann go leor de na tionscadail ar tacaíodh leo díbhinn shóisialta bhreise i bhfoirm áiseanna agus seirbhísí atá riachtanach do phobail áitiúla e.g. cúram leanaí, tithíocht shóisialta, spás fiontraíochta, áiseanna spóirt agus áineasa.

Impleacht Airgeadais

D'éirigh go maith le WDC chomh fada is a bhain lena shamhail de Chiste *Evergreen* inbhuanaithe a fhorbairt agus tá sé anois féinleorga chomh fada is a bhaineann le maoiniú caipiteal infheistíochta. Mar Chiste Evergreen, déantar an t-airgead forchúitithe ar fad a athinfheistiú i bhfiontair i Réigiún an Iarthair. Bhí 2018 eisceachtúil i gcomhthéacs WDC sa mhéid is go raibh an toradh ar infheistíocht ó Chiste Infheistíochta an Iarthair cothrom le €29.9m.

CÁS-STAIDÉAR

Idirbheart Tánaisteach Scaireanna Aerogen



Chuir Aerogen, an ceannaire domhanda i seachadadh drugaí aerasóil géarchúraim, críoch le hidirbheart tánaisteach scaireanna in 2018. De thoradh an idirbhirt seo, fuair Temasek, cuideachta infheistíochta domhanda ag a bhfuil a ceanncheathrú in Singeapór, bun mionlaigh in Aerogen.

Dídhílsigh WDC i dteannta le páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear John Power, bunaitheoir na cuideachta, cion dá scairsheilbh mar chuid den idirbheart. Is scairshealbhóir de chuid Aerogen é WDC fós. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Aerogen ó rinneadh Ceannach Amach Bainistíochta na cuideachta, le cúnamh ó WDC, ó Nektar in 2007.

Tá 200 comhalta foirne fostaithe aige go díreach agus tá 200 comhalta foirne eile fostaithe go hindíreach le fochonraitheoirí. Ó tharla teicneolaíocht Aerogen a bheith in úsáid i mbreis is 75 tír cheana féin, cuirfidh clúdach domhanda Temasek dlús le huaillmhian na cuideachta a bheith ag feidhmiú mar an caighdeán domhanda do sheachadadh drugaí aerasóil géarchúraim agus i ndáil le seoladh na réiteach gléasanna drugaí atá á bhforbairt cheana féin ag a fhochuideachta, Aerogen Pharma.

CÁS-STAIDÉAR

AltoCloud



Ghlac AltoCloud, cuideachta lonnaithe i nGaillimh, seilbh ar Genesys in 2018 agus tá sé beartaithe ag an ngnólacht SAM láithreach shuntasach a bheith aige in Éirinn mar thoradh ar an sealbhú. Tá sé beartaithe ag Genesys suíomh na Gaillimhe a fhorbairt mar ionad barr feabhais le haghaidh intleacht shaorga agus líon na foirne a fhorbairt ó 20 tráth an tsealbhaithe go dtí 200 ball foirne.

D'fhorbair AltoCloud bogearraí mar sheirbhís a nascann ríomhfhoghlaim le cumarsáid fíorama chun a intleacht shaorga agus cumas ríomhfhoghlama a fhorbairt.

Chuir WDC síol-infheistíocht ar fáil don chuideachta in 2015.

¹ Rinneadh suirbhé ar chuideachtaí punainne in 2016

Punann Dhuaisbhuaiteach

Bronnadh maoiniú de €6.7 milliún ar thrí chuideachta i bpunann chuideachtaí Chiste Infheistíochta WDC sa chéad bhabhta de Chiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (CNTB) an Rialtais in 2018.

- Tá maoiniú de €2.9 milliún faighte ag **Neurent Medical Ltd.** ó CNTB. Tá an chuideachta ag cruthú teiripe nua d'othair atá ag fulaingt le riníteas, riocht is cúis le hathlasadh an tsróin. Tabharfaidh sé faoiseamh láithreach agus buanseasmhach don othar ó shiomptóim agus ní bheidh sé riachtanach cógas laethúil a thógáil chun an riocht a bhainistiú.



- Tá teicneolaíochtaí nach bhfuil chomh hionrach sin á bhforbairt ag **Signum Surgical Ltd.** chun galair cholaireicteacha a chóireáil agus tá €1.9 milliún bronnta air.



- Tá **Hooke Bio Ltd.** i mbun ardán teicneolaíochtaí bunathraitheacha a fhorbairt a cheadóidh do chuideachtaí agus do chliniceoirí cógaisíochta samhlacha galair níos beaichte agus níos freagrúla le haghaidh tástáil drugaí a fhorbairt agus bronnadh €1.9 milliún air faoi CNTB.



Fuair dhá chuideachta eile gradaim i gComórtas Seedcorn Idir-Thrádáil Éireann 2018 freisin

- D'éirigh le **Loci Orthopaedics Ltd.** an phríomhdhuais i nGradaim Seedcorn Idir-Thrádáil Éireann a fháil.





- Bhuaigh **HidraMed Solutions Ltd.**, atá ag fáil tacaíochta trí Chlár Luathaithe Bioexel, an gradam i gcatagóir an Ghnólachta Nuathionscanta is Fearr.



An Dr Brendan Boland ó Loci Orthopaedics, Príomhbhuaiteoir Seedcorn Idir-Thrádáil Éireann 2018 le Suzanne Moloney ó HidraMed Solutions Ltd., buaiteoir an Ghradaim sa Chatagóir Tús is Fearr. Cuideachtaí in lathar na hÉireann a bhfuil tacaíocht á fáil acu ó Chiste Infheistíochta WDC.

CUID 5



SEIRBHÍŚÍ CORPARÁIDEACHA

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

To operate the WDC as a competent, effective and learning organisation.



Is é cuspóir foriomlán Roinn na Seirbhísí Corparáideacha tacaíocht éifeachtúil agus éifeachtach a sholáthar chun deis a thabhairt don Eagraíocht spriocanna straitéiseacha gnó níos leithne a chomhlíonadh ag freagairt do agus ag dul in oiriúint do dhúshláin athraitheacha inmheánacha agus sheachtracha. Tá an Roinn freagrach as sé fheidhm a bhainistiú - Acmhainní Daonna, Tacaíochtaí Bainistíochta (Seirbhís do Chustaiméirí agus SF san áireamh), Cumarsáid, Airgeadas, TFC agus Seirbhísí Gnó.

Tá roinnt cuspóirí sonraithe, lena n-áirítear:

- Comhairle, léargas, agus anailís straitéiseach airgeadais a chur ar fáil don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF), an Fhoireann Bainistíochta Sinsearach, Bord na Stiúrthóirí, agus an Coiste Iniúchta agus Riosca. Áirítear anseo buiséid, ráitis airgeadais míosúla agus bliantúla, lena n-áirítear anailís agus moltaí cuí.
- An Fheidhm AD a stiúradh agus a bhainistiú, pleanáil foirne agus foghlaim agus forbairt
- A chinntiú go bhfuil dóthain acmhainne agus cumais ag an Eagraíocht chun a fíis agus cuspóirí a chur i gcrích
- Tacú leis an bhfoireann trí thionscnaimh folláine agus roghanna solúbtha oibre, chun cothromaíocht shláintiúil oibre is saoil a chinntiú do gach duine
- Seirbhísí agus tacaíochtaí éifeachtacha agus éifeachtúla Faisnéise, Cumarsáide & Teicneolaíoch a bhainistiú agus a sheachadadh chun cur ar chumas ranna eile a bpríomhchuspóir a chomhlíonadh
- Leanúint le héifeachtúlachtaí agus le seirbhís feabhsaithe do chustaiméirí a chinntiú lena n-áirítear trí bhéim a leagan go leanúnach ar dheiseanna digiteacha
- Barr feabhais i rialachas corparáideach a léiriú a sholáthróidh oscailteacht agus trédhearcacht agus a chinnteoidh luach ar airgead
- Comhlíontacht le raon oibleagáidí reachtúla cosúil le SF, Teangacha Oifigiúla, Nochtuithe Cosanta a chinntiú
- Tacú leis an POF agus le comhghleacaithe chun obair na heagraíochta a chur cinn go himmheánach agus feidhm chumarsáide láidir inmheánach a chinntiú
- Polasaithe na heagraíochta maidir le RGCS, taisteal agus cothabháil, soláthar agus sláinte agus sábháilteacht a stiúradh agus a chur chun feidhme

- Cinntítear go bhfuil Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) á chomhlíonadh ag polasaithe agus straitéisí bainistíochta riosca na heagraíochta agus
- Tacaíocht a chur ar fáil don Bhord agus coistí bunaithe

Trí chuspóirí na Seirbhísí Corparáideacha a chur chun feidhme, déantar iarracht foireann fhreagrúil, ghairmiúil agus sholúbtha a bhunú mar aon le córais éifeachtacha a thacaíonn go straitéiseach lenár ngnó. Déantar iarracht cultúr fóna rialachais chorparáidigh a bhunú le luach ar airgead agus bainistíocht cistí na heagraíochta.

Áirítear i measc phríomh-bhuaicphointí chlár oibre Roinn na Seirbhísí Corparáideacha 2018:

Seirbhísí TF

Aithníodh bearnaí a bhí sna bunscileanna TF in Anailís ar Riachtanais Oiliúna a rinneadh in 2018. Thángthas ar fhianaise ar leibhéal éagsúla scileanna TF i measc na foirne a chuir ar chumas na heagraíochta oiliúint shonrach a eagrú sna réimsí sin.

Airgeadas

Bhí roinnt táirgí insoláthartha le cur san áireamh mar aon le cuspóirí leanúnacha a bhí curtha i gcrích ag foireann na Seirbhísí Corparáideacha. Áirítear ina measc tús a chur le Clár Rioscaí níos láidre, feabhsuithe ar an modh tuairiscithe airgeadais agus faisnéis níos doimhne a bheith á baint ó na córais airgeadais. Bhí sé seo mar bhonn le tuairisciú a fheabhsú agus trédhearcacht níos fearr.



Cumarsáid

Is í cumarsáid ceann de na príomhchumasóirí a chabhraíonn le Roinn na Seirbhísí Corparáideacha a cuspóirí a chomhlíonadh. Gheall Seirbhísí Corparáideacha a n-idirghníomhaíochtaí le páirtithe leasmhara a fheabhsú tríd an uirlis nascleanúna ar an suíomh gréasáin a nuashonrú, leathanach imeachtaí a chruthú, míreanna nuachta rialta a phostáil agus ábhar a nuashonrú lena chinntiú go bhfuil faisnéis cothrom le dáta ar fáil i gcónaí.

Rialachas Corparáideach

Déanann foireann na Seirbhísí Corparáideacha iarracht comhlíontacht le roinnt oibleagáidí rialachais a chinntiú agus polasaithe, nósanna imeachta agus torthaí corparáideacha a fheabhsú. D'fhorbair agus chuir an fhoireann Plean Soláthair Chorporáidigh, Polasaí Bainistíochta Riosca, Polasaí Cárta Creidmheasa, Polasaí Nochtuithe Cosanta, Polasaí Bronntanas agus Fáilteachais agus Polasaí RGCS i bhfeidhm de réir dea-Rialachas Chorporáidigh agus d'fhoillíodh reachtaíocht ábhartha a chomhlíonadh.





RÁITEAS AIRGEADAIS
Don Bhliain Dar Chríoch an 31 Nollaig 2018



CLÁR NA NÁBHAR

Faisnéis maidir le Coimisiún Forbartha an Iarthair	43
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Choimisiúin	44
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	53
Ráiteas ar Rialú Inmheánach 54	
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coinnithe	56
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	57
Ráiteas ar Staid an Airgeadais	58
Ráiteas ar Shreafaí Airgid	59
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	60

FAISNÉIS MAIDIR LE COIMISIÚN FORBARTHA AN IARTHAIR

Cathaoirleach

An Dr Deirdre Garvey (Cathaoirleach)

Comhaltaí

An tUasal Noel Brett *

An tUasal Ian Barrett

An tOll. Mary Corcoran

An tUasal Gerry Finn

An tUasal Micheal Frain

An tUasal John Kelleher

An tUasal Christy Loftus

An tUasal Henry McGarvey

Auveen O'Neill, Uasal

Yvonne Shields, Uasal

An tUasal Edmund Jennings **

Baincéirí:

Banc na hÉireann, Bealach an Doirín, Co. Ros Comáin

Bainc-Aontas Éireann, Bóthar Thuama, Gaillimh

Banc KBC, Sráid Sandwith, Baile Átha Cliath 2

Iniúcháirí:

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, 3A Sráid an Mhéara Uachtarach, Baile Átha Cliath 1

* D'éirigh Noel Brett as a chuid cúraimí leis an gCoimisiún i Lúnasa 2018

** Ceapadh Edmund Jennings ar an gCoimisiún ar an 22ú Lúnasa 2018

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN CHOIMISIÚIN 2018

Rialachas

Bunaíodh Bord (dá dtagraítear anseo comhaltaí an Choimisiúin) Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) faoi Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair 1998 mar atá leagtha amach in Alt 9 den Acht seo. Tá comhaltaí an Choimisiúin cuntasach don Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail, agus tá siad freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus cuireann siad an tasc seo i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shonrú agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach mórcheist gnó. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann bainistíochta sinsearach atá freagrach as bainistíocht laethúil, rialú agus treo WDC. Ní mór don POF agus don fhoireann bainistíochta sinsearach an treo straitéiseach ginearálta atá sonraithe ag comhaltaí an Choimisiúin a leanúint, agus a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Choimisiún ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí atá le cur i gcrích i ndáil leis an eintiteas, lena n-áirítear aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Feidhmíonn an POF mar phointe teagmhála díreach idir Comhaltaí an Choimisiúin agus foireann bainistíochta WDC.

Freagrachtaí an Choimisiúin

Tá comhaltaí an Choimisiúin, i dteannta a chéile, freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar Choimisiún Forbartha an Iarthair agus inbhuanaitheacht an Choimisiúin a áirithiú. Déantar cinntí i ndiaidh faisnéis chuí a bheith curtha ar fáil do chomhaltaí an Choimisiúin agus aird chuí a thabhairt ar na rioscaí aitheanta tríd an bpróiseas bainistíochta riosca. Tá sceideal forchoimeáda nithe nach mór do chomhaltaí an Choimisiúin cinneadh a dhéanamh maidir leis, lena n-áirítear:

- dearbhú Leasa
- tuarascálacha ó choistí
- tuarascálacha airgid/tuarascálacha bainistíochta
- tuarascálacha feidhmíochta agus
- nithe forchoimeáda

Tá obair an Chathaoirligh agus comhaltaí an Choimisiúin á treorú ag prionsabail Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

Ceanglaíonn Alt 22(1) d'Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair 1998 ar chomhaltaí an Choimisiúin na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir atá faighte agus caite aige a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar chomhaltaí Coimisiúin WDC:

- Polasaithe cuntasáíochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- A chinntiú go bhfuil aon bhreithiúnais agus meastacháin réasúnta agus stuama
- A shonrú cibé acu ar leanadh nó nár leanadh le caighdeán cuntasáíochta cuí, faoi réir aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais
- A chinntiú go dtugtar léargas fórcheart sna ráitis airgeadais ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais WDC ag deireadh na bliana
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé oiriúnach glacadh leis go leanfaidh sé ag feidhmiú.

Tá comhaltaí an Choimisiúin freagrach as taifid chuntasáíochta oiriúnacha a choimeád a nochtann, go réasúnta cruinn ag tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 22 d'Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair 1998. Tá an Coimisiún freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin WDC.

Tá comhaltaí an Choimisiúin freagrach as an tuarascáil agus buiséad bliantúil a fhaomhadh. Déantar measúnú ar fheidhmíocht WDC trí thagairt don tuarascáil agus buiséad bliantúil gach mí agus gach ráithe ag cruinnithe an Choimisiúin.

Chomh maith leis sin, tá comhaltaí an Choimisiúin freagrach as a sócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Coimisiún go dtugann ráitis airgeadais WDC léargas fórcheart ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais WDC ag an 31 Nollaig 2018.

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN CHOIMISIÚIN 2018

Struchtúr an Choimisiúin

Tá an Coimisiún sásta nach bhfuil a chomhaltaí i mbun aon chaidreamh gnó nó caidreamh eile a bhféadfadh éifeacht ábhartha a bheith aige, nó a bhféadfadh an chosúlacht a bheith air go bhfuil éifeacht ábhartha aige, ar fheidhmiú a mbreithiúnas neamhspleách.

Nochtann gach comhalta den Choimisiún aon leas agus ní bhíonn aon bhaint acu le plé nó le cinntí má tá coinbhleacht i gceist nó má tá leas díreach nó neamhdhíreach acu ann de réir mar a cheanglaíonn an Cód Cleachtais.

Tá eolas maidir le comhaltacht an Choimisiúin agus téarmaí oifige le fáil i dTábla 1 thíos

Tag	Ainm	Ról	Dáta an cheapacháin	Deireadh na tréimhse reatha
1	An Dr Deirdre Garvey	Cathaoirleach	Lúnasa 2017	Lúnasa 2020
2	Gerry Finn	Gnáthchomhalta	Lúnasa 2017	Lúnasa 2020
3	Ian Barrett	Gnáthchomhalta	Lúnasa 2017	Lúnasa 2020
4	Noel Brett *	Gnáthchomhalta	Lúnasa 2017	Lúnasa 2018*
5	Micheal Frain	Gnáthchomhalta	Lúnasa 2017	Lúnasa 2020
6	Henry McGarvey	Gnáthchomhalta	Lúnasa 2017	Lúnasa 2020
7	Yvonne Shields	Gnáthchomhalta	Lúnasa 2017	Lúnasa 2020
8	Auveen O'Neill	Gnáthchomhalta	Lúnasa 2017	Lúnasa 2020
9	An tOllamh Mary Corcoran	Gnáthchomhalta	Lúnasa 2017	Lúnasa 2020
10	Christy Loftus	Gnáthchomhalta	Lúnasa 2017	Lúnasa 2020
11	John Kelleher	Gnáthchomhalta	Lúnasa 2017	Lúnasa 2020
12	Edmund Jennings	Gnáthchomhalta	Lúnasa 2018	Lúnasa 2021

*Éirithe as

Déanfaidh an Bord Athbhreithniú Éifeachtachta agus Meastóireachta seachtrach Boird ar bhonn bliantúil ag tosú i mí Mheán Fómhair 2018. Déanfar athbhreithniú seachtrach gach trí bliana faoi gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

Tá ceithre choiste bunaithe ag comhaltaí an Choimisiúin, mar seo a leanas;

1. An Coiste Iniúchta agus Riosca

Tacaíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca (CIR) le comhaltaí an Choimisiúin lena bhfreagrachtaí as saincheisteanna a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht dearbhuíthe a bhaineann le riachtanais dearbhuíthe chomhaltaí an Choimisiúin a chomhlíonadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht agus ar shláine na ndearbhuithe seo.

Tuairiscíonn CIR go foirmiúil do chomhaltaí an Choimisiúin, trí fhaisnéis nó comhairle a sholáthar de réir mar is cuí trí thuarascálacha rialta Chathaoirleach CIR do chomhaltaí an Choimisiúin maidir gníomhaíochtaí, saincheisteanna agus moltaí gaolmhara an choiste. Cuireann CIR Tuarascáil Bhliantúil ar fáil do chomhaltaí an Choimisiúin, ag tráth a thacaíonn le bailchríoch a chur ar an tuarascáil bhliantúil agus ar na ráitis airgeadais, ina ndéantar achoimre ar na tátail a baineadh as an obair atá déanta aige i rith na bliana.

Seo a leanas Comhaltaí an Choiste CIR ag an 31ú Nollaig 2018

- Bernard O'Hara (Cathaoirleach & Seachtrach)
- Kevin Moore (Seachtrach)
- Ian Barrett (Comhalta Coimisiúin)
- Gerry Finn (Comhalta Coimisiúin).

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN CHOIMISIÚIN 2018

2. Painéal Comhairleach Cistí (PCC)

Is é Ról PCC measúnú a dhéanamh ar iarratas chuig Ciste Infheistíochta an Iarthair (CII) agus cinntí maidir le hinfeistíocht bunaithe ar bhrabús tráchtála a mholadh do chomhaltaí an Choiste. Cabhraíonn PCC chun aird a tharraingt ar CII agus chun cabhrú le sreabhadh beart ar archaighdeán a fhorbairt agus cúnamh a thabhairt le hoibriú éifeachtach CII.

- An Dr Deirdre Garvey (Cathaoirleach & Comhalta Coimisiúin)
- John Allen (Seachtrach)
- John Dillon (Seachtrach)
- Joann Hosey (Seachtrach)
- Micheal Frain (Comhalta Coimisiúin)
- Auveen O'Neill (Comhalta Coimisiúin)
- Felim McNeela (Seachtrach)

Sceideal Tinrimh, Táillí* agus Costais Chomhaltaí an Choimisiúin

Tá sceideal tinrimh maidir le Cruinnithe Coimisiúin agus Coiste le haghaidh 2018 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach comhalta.

3. Fochoiste Pleanála Straitéisí

Bunaíodh an Fochoiste Pleanála Straitéisí le haghaidh tréimhse shonraithe chun maoirseacht a dhéanamh ar phróiseas forbartha Phlean Straitéiseach 2019-2024 WDC.

Seo a leanas Comhaltaí an Fhochoiste Pleanála Straitéisí:

- An Dr Deirdre Garvey (Cathaoirleach & Comhalta Coimisiúin),
- Noel Brett (Comhalta Coimisiúin)
- Yvonne Shields (Comhalta Coimisiúin)
- Gerry Finn (Comhalta Coimisiúin)
- Tomás Ó Síocháin (POF)

4. Fochoiste Earcaíochta an POF

Bunaíodh Coiste Earcaíochta an POF le haghaidh tréimhse shonraithe idir Deireadh Fómhair 2017 agus Lúnasa 2018 chun maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas chun POF a earcú le haghaidh WDC. Seo a leanas Comhaltaí Choiste Earcaíochta an POF:

- An Dr Deirdre Garvey (Cathaoirleach & Comhalta Coimisiúin),
- Gerry Finn (Comhalta Coimisiúin)
- Henry McGarvey (Comhalta Coimisiúin)

Comhalta	Cruinniú Coimisiúin	Cruinniú CIR	Cruinniú PCC	Cruinniú Pleanála Straitéisí	Cruinniú Earcaíochta an POF
Comhaltaí Coimisiúin					
An Dr Deirdre Garvey	10 as 10		6 as 6	7 as 7	4 as 4
Gerry Finn	7 as 10	5 as 5		6 as 7	4 as 4
Ian Barrett	10 as 10	5 as 5			
Noel Brett*	6 as 6			3 as 3	
Micheal Frain	7 as 10		4 as 6		
Henry McGarvey	9 as 10				4 as 4
Yvonne Shields	8 as 10			6 as 7	
Auveen O'Neill	9 as 10		5 as 6		
An tOllamh Mary Corcoran**	6 as 10				
Christy Loftus	7 as 10				
John Kelleher	8 as 10				
Edmund Jennings***	4 as 4				
Comhaltaí Seachtracha					
Bernard O'Hara		5 as 5			
Kevin Moore		5 as 5			
John Dillon			6 as 6		
John Allen			6 as 6		
Joann Hosey			5 as 6		
Felim McNeela			4 as 6		

* D'éirigh Noel Brett as a chúraimí i Lúnasa 2018

** Bhí an tOllamh Mary Corcoran ar shaoire shabóideach idir Meán Fómhair agus Nollaig 2018

*** Ceapadh Edmund Jennings mar chomhalta den Choimisiún ar an 22ú Lúnasa 2018

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN CHOIMISIÚIN 2018

Tag	Ainm	Táille 2018	Costas 2018
1	An Dr Deirdre Garvey	Náid	€2,401
2	Gerry Finn	€5,985	€1,292
3	Ian Barrett	€5,985	€2,062
4	Noel Brett	€3,817	€238
5	Micheal Frain	€5,985	€248
6	Henry McGarvey	Náid	€2,921
7	Yvonne Shields	Náid	€2,280
8	Auveen O'Neill	€5,985	€681
9	An tOllamh Mary Corcoran	Náid	€993
10	Christy Loftus	€5,985	€587
11	John Kelleher	Náid	€448
12	Edmund Jennings	€2,168	€565
Iomlán		€35,910	€14,716

Athruithe ar Phríomhphearsanra

- POF (a) Tháinig deireadh le tréimhse fostaíochta Ian Brannigan mar POF ar an 31ú Lúnasa 2018
- Thosaigh Tomás Ó Síocháin ag obair mar POF ar an 24ú Meán Fómhair 2018
- D'éirigh an comhalta den Choimisiún, Noel Brett, as a chúraimí i Lúnasa 2018
- Ceapadh an comhalta den Choimisiún, Edmund Jennings, ar an 22ú Lúnasa 2018
- Cheap an Coimisiún comhalta PCC, Felim McNeela, ar an 20ú Márta 2018

Nochtuithe arna gCeangal de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as a chinntiú go bhfuil ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016, á gcomhlíonadh ag WDC. Ceanglaítear na nochtuithe seo a leanas de réir an Chóid:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaí

Tá sochair ghearrthéarmacha fostaí sa bhreis ar €60,000 á gcatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

Banda Tuarastail (€) 2018	Líon Comhaltaí Foirne	Banda Tuarastail (€) 2017	Líon Comhaltaí Foirne
60,000 – 69,000	2	60,000 – 69,000	1
70,000 – 79,000	0	70,000 – 79,000	0
80,000 – 89,000	3	80,000 – 89,000	2
90,000 – 99,000	1 *	90,000 – 99,000	0

* Idir Eanáir agus Lúnasa 2018

Tabhair faoi deara: Chun críocha an nochtait seo, áirítear i sochair ghearrthéarmacha fostaí a bhaineann le seirbhísí curtha ar fáil i rith na tréimhse tuairiscithe íocaíochtaí tuarastail agus íocaíochtaí eile déanta thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear ÁSPC fostóra iontu.

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN CHOIMISIÚIN 2018

Costais Chomhairleachta

Áirítear i gcostais chomhairleachta an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach a chur ar fáil don fhoireann bainistíochta agus ní áirítear iontu feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

	2018 €	2017 €
Comhairle Dlí	15,123	6,940
Comhairle Airgeadais/Achtúireach	1,624	427
Caidreamh Poiblí/Margaíocht	27,842	37,326
Acmhainní Daonna	20,068	34,345
Iomlán	75, 619	79,038

Costais agus Socruithe Dlí

Taispeántar sa tábla thíos miondealú ar mhéideanna aitheanta mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i ndáil le costais dlí, socruithe agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear anseo caiteachas tabhaithe i ndáil le comhairle ghinearálta dlí a fuair WDC, atá nochta sna Costais Chomhairleachta thuas.

	2018 €	2017 €
Táillí Dlí – Imeachtaí Dlí	0	0
Íocaíochtaí Idir-réitigh agus Eadrána	0	0
Socrú	0	0
Iomlán	0	0

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Tá an caiteachas Taistil agus Cothaithe á chatagóiriú mar seo a leanas:

	2018 €	2017 €
Intíre:		
- Comhaltaí coimisiúin	14,715	7,479
- Fostaithe	89,060	65,010
Idirnáisiúnta		
- Comhaltaí coimisiúin	0	0
- Fostaithe	24,636	4,542
Iomlán	128,411	77,031

Caiteachas Fáilteachais

Áirítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

	2018 €	2017 €
Fáilteachas Foirne	503	0
Fáilteachas Cliant	0	0
Iomlán	503	0

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN CHOIMISIÚIN 2018

Mar chuid de mhaoirseacht leanúnach chomhaltaí an Choimisiúin ar an timpeallacht rialaithe in WDC, faigheann an Coimisiún dearbhuithe rialála ón bhFoireann Bainistíochta Sinsearach maidir leis an timpeallacht dlí agus rialaithe a bhaineann le comhlachtaí poiblí lena n-áirítear:

Idirbhearta Lasmuigh den Chlár Comhardaithe

Ní raibh aon idirbhearta lasmuigh den chlár comhardaithe idir dáta an chláir comhardaithe agus dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Acmhainní Daonna

Lean an eagraíocht lena tiomantas do chlár nuachóirithe na hearnála poiblí agus le Comhaontuithe Bhóthar Haddington agus Bhóthar Lansdún a chur chun feidhme.

Cúram do Chustaiméirí

Tá WDC tiomanta do sheirbhís ghairmiúil, éifeachtúil agus chúirtéiseach a sholáthar dá chustaiméirí de réir Chairt Chustaiméirí WDC agus Phrionsabal na Seirbhíse Ardcháilíochta do Chustaiméirí. Tá cóip de Ráiteas Custaiméirí WDC le fáil ar www.wdc.ie.

Cumarsáid

Déantar suíomh gréasáin WDC a nuashonrú go rialta agus coinnítear cliaint ar an eolas faoi obair na heagraíocht trí phreascáit, foilseacháin agus aighneachtaí a phostáiltear ar www.wdc.ie. Níor tuairiscíodh ná níor taifeadh aon ghearáin ó chustaiméirí in 2018.

Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 2014

Foráiltear in Acht um Shaoráil Faisnéise (SF) 2014 go bhfuil ceart ag gach duine, faoi réir díolúintí áirithe sonraithe san Acht:

- Taifid oifigiúla atá i seilbh Ranna Rialtais agus gach comhlacht poiblí a bhfuil forálacha Alt 6 den Acht á gcomhlíonadh acu a rochtain;
- Faisnéis phearsanta maidir leo atá á coimeád a cheartú nó a nuashonrú sa chás go bhfuil a leithéid sin d'fhaisnéis neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- Cúiseanna a fháil maidir leis na cinntí a rinne comhlachtaí poiblí a bhfuil tionchar acu orthu.

Rinneadh cúig iarratas SF in 2018. Déileáladh le gach iarratas laistigh den amfráma.

Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005

De réir Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, tá nósanna imeachta bunaithe ag WDC chun forálacha an Achta a chomhlíonadh agus tá ráiteas sábháilteachta ullmhaithe ina gcuimsítear na gnéithe ar fad a bhfuil tionchar acu ar leas comhaltaí foirne agus cuairteoirí.

Íoc Pras Cuntas

Tá sonraisc a bheith á n-íoc ag WDC á rialú ag Acht um Íoc Pras Cuntas 1997, arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Deireanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012. Foráiltear sna rialacháin, a bhfuil feidhm acu go cothrom san earnáil phoiblí agus phríobháideach, teidlíocht uathoibríoch d'ús agus do chúiteamh má tá íocaíocht le haghaidh idirbheart tráchtála deireanach (i ndiaidh 30 lá ón dáta faighte). Is é an polasaí atá ag WDC a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras agus go bhfuil gach iarracht á déanamh, comhsheasmhach le nósanna imeachta airgeadais cuí, a chinntiú go n-íoctar gach soláthraí laistigh den amfráma seo.

Íoc Pras le Soláthraithe

Tá WDC tiomanta dá chuid oibleagáidí faoin Rialú Íoc Pras 15 lá, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Iúil, 2011. Áirithíonn an fhoráil seo go ndéanfar íocaíochtaí le soláthraithe, i gcás gach sonrasc bailí, laistigh de 15 lá féilire. Tuairiscíonn WDC go ráithiúil ar chur chun feidhme na Rialach Íoc Pras 15 lá.

Is féidir breathnú ar thorthaí Íoc Pras le haghaidh 2018 ag an nasc seo a leanas: <https://www.wdc.ie/about-us/prompt-payments/>

Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995

Áiríodh WDC laistigh de raon feidhme Rialacháin um Eitic in Oifigí Poiblí (Comhlachtaí Poiblí Forordaithe, Stiúrthóireachtaí Ainmnithe Comhlachtaí Poiblí, agus Poist Ainmnithe i gComhlachtaí Poiblí) 2004 (I.R. Uimh. 699 de 2004) le héifeacht ón 1 Eanáir, 2005. Soláthraíonn comhaltaí Coimisiúin WDC ráitis leasanna don rúnaí gach bliain, agus tá cóipeanna curtha ar fáil do Rúnaí an Choimisiúin, An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí.

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN CHOIMISIÚIN 2018

An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) 2018

Tá WDC tiomanta do shláine agus do chosaint na faisnéise pearsanta a phróiseálann sé, agus do chur chuige comhlíontach agus comhsheasmhach maidir le cosaint sonraí a sholáthar. Bhí clár cosanta sonraí láidir agus éifeachtach i bhfeidhm riamh, clár a bhfuil an dlí reatha á chomhlíonadh aige agus a chloíonn leis na prionsabail cosanta sonraí. Tuigean WDC, áfach, na hoibleagáidí maidir le nuashonrú agus leathnú an chláir seo chun éilimh an réimis nua RGCS ón 25ú Bealtaine 2018 a chomhlíonadh. Mar fhreagairt air seo, d'fhorbair WDC Polasaí & Treoirínte RGCS a bhfuil sé mar aidhm leo cabhrú le fostaithe WDC tacú le Polasaí Cosanta Sonraí na heagraíochta ina sonraítear a thiomantas do chearta príobháideachais daoine aonair a chosaint de réir na reachtaíochta. Leagtar amach sna treoirínte seo na réimsí oibre ina dtagann saincheisteanna cosanta sonraí chun cinn agus déantar cur síos ar an gcleachtas is fearr chun déileáil leis na saincheisteanna seo.

Níor cuireadh aon fhiosrúcháin faoi RGCS faoi bhráid WDC in 2018.

An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014

Tá Polasaí Nochta Cosanta bunaithe ag WDC ina sonraítear go soiléir na nósanna imeachta atá bunaithe chun nochtuithe cosanta a dhéanamh de réir Acht um Nochtadh Cosanta 2014.

Níor cuireadh aon nochtadh cosanta faoi bhráid WDC in 2018.

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus 2004

Tá WDC tiomanta do pholasaí comhdheiseanna agus glacann sé cur chuige dearfach maidir le comhionannas san eagraíocht. Tá roinnt scéimeanna á reáchtáil ag WDC a sholáthraíonn roghanna do chomhaltaí foirne chun a gcuid riachtanas gairme agus pearsanta a chomhlíonadh, cosúil le postroinnt, saoire staidéir, saoire thuismitheoireachta, agus cláir oideachais.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Tagann WDC faoi scáth Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, a síníodh sa dlí ar an 14 Iúil 2003, creat reachtúil do sheirbhís a sholáthar trí Ghaeilge. De réir Alt 10 den acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais i nGaeilge agus i mBéarla.

Cód Iompair

- Tá na cóid iompair ghnó le haghaidh gach comhalta de Choimisiún WDC sínithe agus faighte ag gach páirtí agus tá siad á gcomhlíonadh.
- Faoi Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001, tá a Ráitis Leasanna don bhliain roimh ré curtha ar fáil ag gach Comhalta Coimisiúin/Fostaí de chuid WDC.
- De réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), chomhlánaigh gach comhalta Coimisiúin Ceistneoir Féinmheasúnaithe Coimisiúin. Chomhlánaigh 11 comhalta reatha an Choimisiúin agus iar-chomhalta Coimisiúin amháin, a d'éirigh as a chúraimí i rith 2018, an ceistneoir. Cuireadh tuarascáil faoi Fhéinmheasúnú an Choimisiúin i gcrích i mí na Nollag 2018 agus comhaontaíodh plean gníomhaíochta le haghaidh feabhais.

Treoirínte Pá an Rialtais

- Cloíonn WDC le Treoirínte Pá an Rialtais agus le socruithe na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail maidir le luach saothair an Phrómhífheidhmeannaigh agus na bhfostaithe.
- Cloítear le híocaíocht tháillí agus chostais chomhaltaí agus Chathaoirleach an Choimisiúin i ndáil leis na socruithe atá leagtha amach i dtreoirínte an Rialtais agus inár máthair-roinn.
- Tá sonraí maidir leis an luach saothair agus táillí/costais thuas le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais.

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN CHOIMISIÚIN 2018

An Cód Caiteachais Phoiblí

Tá cur chuige comhsheasmhach ag WDC maidir le ceanglais an Chóid Caiteachais Phoiblí. Tá sonraí maidir leis na príomhghníomhaithe atá mar bhonn leis an gcur chuige le fáil sa Phlean Soláthair:

- Cur le coigilteas éifeachtúlachta pleanáilte spriodhártha sna Blianta Airgeadais amach romhainn;
- Tacú le tionscnaimh an Aonaid Náisiúnta Polasaí Soláthair
- Luach ar airgead a áirithiú
- Cabhrú le cuspóirí straitéiseacha WDC a chomhlíonadh
- Rialú agus maoirseacht a léiriú i ndáil le húsáid cistí poiblí

Comhlíontacht Cánach

Deimhním gur chomhlíon WDC go hiomlán leis na dlíthe cánach cuí agus lena oibleagáidí cánach in 2018 agus nár tuairiscíodh aon saincheist.

Taisteal agus Cothú

Tá Polasaí agus nósanna imeachta Taistil agus Cothaithe WDC cothrom le dáta agus tugtar léargas iontu ar na rátaí reatha a nuashonraíodh ar an 1 Aibreán 2017 le haghaidh Taistil agus ar an 1 Deireadh Fómhair 2018 le haghaidh Cothaithe. Os a choinne sin, tuigean an fhoireann ar fad na freagrachtaí atá orthu faoin bpolasaí. Tá WDC airdeallach ar an ngá atá le barainneacht agus éifeachtúlacht a bhaint amach i ndáil le caiteachas ar thaisteal agus de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), déantar anailís ar na costais iomlána tabhaithe i ndáil le taisteal agus cothú don eagraíocht bunaithe ar thaisteal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Reachtaíocht eile a Chomhlíonadh

Tá oibleagáidí rialachais chorparáidigh agus oibleagáidí eile á gcomhlíonadh ag WDC lena n-áirítear:

- An tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001
- An tAcht um Míchumas 2005
- An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015

Ráiteas Comhlíontachta

Tá ceanglais an *Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016* mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, comhlíonta ag WDC. Rinne comhaltaí an Choimisiúin maoirseacht ar athbhreithniú ar fheidhmíocht WDC i gcomparáid le Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016. Is féidir le comhaltaí an Choimisiúin a dheimhniú gur ghlac WDC páirt in imeachtaí leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre maidir le hAlt 14 d'Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2013 i ndáil le conradh Tréimhse Shonrach ar Théarma Seasta a aistriú chuig Conradh Tréimhse Éiginnte (CTE). Tugtar breis sonraí maidir leis an tsaincheist a aithnítear faoin Ráiteas Comhlíontachta sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach.

Tá an Coimisiún sásta leis an leibhéal comhlíontachta i ndáil le Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 amhail ag deireadh na bliana, an 31 Nollaig 2018.

Thar ceann an Choimisiúin



An Dr Deirdre Garvey

Cathaoirleach

Dáta: 18/12/2019

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE



An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le tiolacadh do Thithe an Oireachtais

Coimisiún Forbartha an Iarthair

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 22 d'Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair 1998. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ceadaithe an
- ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar staid airgeadais an
- ráiteas ar shreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe cuntasáíochta

I mo thuairimse, tugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair ar an 31 Nollaig 2018 agus a ioncam agus caiteachas le haghaidh 2018 de réir an Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 - *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

An Bonn Tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Iniúcháireachta Idirnáisiúnta (Clanna) mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá ormsa faoi na caighdeáin seo sonraithe in aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mise ag feidhmiú neamhspleách ar Choimisiún Forbartha an Iarthair agus tá mo chuid freagrachtaí eitiiciúla eile comhlíonta agat de réir na gcaighdeán seo.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte agam leordhóthanach agus cuí chun bonn le haghaidh mo thuairime a sholáthar.

Tuairisc maidir le faisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile i dteannta leis na ráitis airgeadais tiolactha ag Coimisiún Forbartha an Iarthair. Cuimsítear ann an ráiteas rialachais agus tuarascáil na gcomhaltai Boird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos déanta ar mo fhreagrachtaí tuairisciú maidir le faisnéis den sórt sin, agus nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, in aguisín leis an tuarascáil seo.

Gnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí cothromais

Is mian liom aird a tharraingt ar nóta 7 leis na ráitis airgeadais ina nochtar go raibh gnóthachain shuntasacha de €28.3 milliún i gceist mar thoradh ar infheistíochtaí cothromais a bheith á ndiúscairt ag an gCoimisiún i rith na bliana. De réir alt 20 d'Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair 1998, tá na fáilais ón diúscairt ar fáil don Choimisiún le hinfeistiú amach anseo.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtair Cuntas agus
Ciste An 24 Nollaig 2019

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí chomhaltaí an Choimisiúin

Mar atá mionsonraithe sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Choimisiúin, tá comhaltaí an Choimisiúin freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi atá 22 d'Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair 1998
- a áirithiú go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a áirithiú
- measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil bonn cuntasaithe an ghnóthais leantaigh oiriúnach, agus cibé rialú inmheánach a mheastar a bheith riachtanach chun
- ullmhú ráiteas airgeadais atá gan míshonrú ábhartha a chumasú, cibé mar thoradh ar chalaos nó ar earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi atá 22 d'Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair 1998 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Choimisiúin Forbartha an Iarthair agus tuarascáil a ullmhú i dtaobh an chéanna a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam nuair atá an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-íomláine gan míshonrú ábhartha mar gheall ar chalaos nó earráid. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní hionann é agus ráthaíocht go dtabharfaidh iniúchadh a dhéantar de réir na Clanna míshonrú ábhartha faoi deara nuair is ann dá leithéid. D'fhéadfadh míshonruithe eascairt ó chalaos nó earráid agus glactar leis go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí, ina n-aonar nó ina n-íomláine, a bheith ag súil go réasúnach go mbeidh tionchar acu ar na cinntí geilleagracha a dhéanann úsáideoirí bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid den iniúchadh de réir na Clanna, bainim feidhm as breithiúnas gairmiúil agus tugaim aird ar sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Tríd an méid seo a dhéanamh,

- Sainníthim agus déanaim measúnú ar rioscaí míshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais cibé más bunaithe ar chalaos nó earráid atá siad; dearaim agus cuirim nósanna imeachta iniúchta i gcrích a fhreagraíonn do na rioscaí seo; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach chun bonn le haghaidh mo thuairime a sholáthar. Tá an riosca a bhaineann le míshonrú ábhartha ag eascairt ó chalaos gan a bheith á claonp brionnú, easnai • mífhaisnéis i gceist, nó má sháraítear an rialú inmheánach.
- Tagaim ar thuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach sna himthosca, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaithe agus a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaithe agus na nochtuithe gaolmhara.

- Cuirim críoch leis an tuarascáil le tagairt d'úsáid bhonn cuntasaithe an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta faighte, agus tagraim do cibé an bhfuil nó nach bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le teagmhais nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras a chaitheamh ar chumas Choimisiúin Forbartha an Iarthair leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinneim gur ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo tuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil a leithéid sin de nochtuithe leordhóthanach, mo thuairim a athrú. Tá mo chonclúid bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a bhí faighte suas go dtí dáta mo tuarascála. É sin ráite, d'fhéadfadh teagmhais nó coinníollacha amach anseo a bheith mar bhonn le deireadh a chur le Coimisiún Forbartha an Iarthair a bheith ag leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais trí chéile, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé an ndéanann nó nach ndéanann na ráitis airgeadais ionadaíocht ar na hidirbhearta agus ar na teagmhais bhunúsacha ar shlí a thugann léargas cothrom.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas i ndáil le, i measc nithe eile, an raon feidhme agus uainíú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnamh shuntasacha i rialú inmheánach a thugaim faoi deara i rith m'iniúchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chluadaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a thiolactar leis na ráitis sin, agus ní chuirim aon fhoirm de chonclúid maidir le dearbhú in iúl maidir leis an bhfaisnéis sin.

Maidir leis an iniúchadh atá déanta agam ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Clanna an fhaisnéis eile a thiolactar a léamh agus, tríd an méid sin a dhéanamh, breithniú a dhéanamh ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas bailithe i rith an iniúchta, nó an bhfuil an chuma ar an bhfaisnéis, ar shlí éigin eile, go bhfuil sé míshonraithe go hábhartha. Más rud é, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích agam, go gcinneim go bhfuil míshonrú ábhartha na faisnéise eile seo i gceist, ceanglaítear orm an méid sin a thuairisciú.

Nithe eile a thuairisciú

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithniúcháin speisialta atá luaite le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistíocht agus oibriúcháin. Tuairiscím má thugaim aon nithe ábhartha faoi deara i ndáil leis an tsli a bhfuil gnó poiblí curtha i gcrích.

Déanaim iarracht teacht ar fhianaise maidir le rialtacht idirbhearta airgeadais i rith m'iniúchta. Tuairiscím má shainaithním aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha beartaithe nó nuair nach raibh idirbhearta de réir na n-údarás a bhfuil siad á rialú acu.

Tuairiscím chomh maith, de réir eisceachta, na nithe seo a leanas, i mo thuairimse,

- Níl an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaíonn uaim le haghaidh m'iniúchta faighte agam, nó
- Ní raibh na taifid leordhóthanach chun iniúchadh éasca agus ceart na ráiteas airgeadais a cheadú, nó
- Níl na ráitis airgeadais ag comhaontú leis na taifid chuntasaithe.

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH 2018

Scope of Responsibility

Thar ceann Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC), admhaím an fhreagracht atá ar an gCoimisiún a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach de rialú inmheánach á chothabháil agus á bhfeidhmiú. Áirítear sa fhreagracht seo ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánach

Is é an aidhm atá leis an gcóras rialaithe inmheánach riosca a bhainistiú ag leibhéal measartha seachas deireadh a chur le riosca ar fad. Dá réir sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú absalóideach a sholáthar go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánach, a sholáthraíonn treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, curtha i bhfeidhm ag WDC don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Acmhainn Déileáil le Riosca

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (CIR) ag WDC a áirítear ann beirt chomhaltaí Coimisiúin agus beirt chomhaltaí sheachtracha, ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta, agus tá duine de na comhaltaí sin ag feidhmiú mar Chathaoirleach. Bhuaill CIR le chéile cúig bhabhta in 2018.

Chomh maith leis sin, tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag WDC, a bhfuil dóthain acmhainní ar fáil lena haghaidh agus a reáchtálann clár oibre atá comhaontaithe le CIR.

Déanann CIR maoirseacht ar an bpolasaí bainistíochta riosca ina sonraítear an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm, agus mionsonraí maidir le ról agus freagrachtaí na gcomhaltaí foirne i ndáil le riosca. Ghlac Coimisiún WDC leis an bpolasaí seo ag an gcruinniú a reáchtáladh i mí na Nollag 2017. Tá an Polasaí eisithe chuig na comhaltaí foirne ar fad a bhfuiltear ag súil a bheith ag obair laistigh de pholasaithe bainistíochta riosca WDC, chun aird an lucht bainistíochta a tharraingt ar rioscaí agus ar laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus as rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá próiseas bainistíochta riosca bunaithe ag WDC a chumasaíonn sainaitheint agus measúnú rioscaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar fheidhmíocht agus ar chuspóirí gnó agus a áiríthíonn go bhfuil pleananna maolaithe cuí forbartha chun an riosca iarmharach a laghdú.

Tá Clár Rioscaí i bhfeidhm ina sainaitheintear na príomhrioscaí atá os comhair WDC agus tá na rioscaí seo sainaitheanta, measúnaithe agus rangaithe de réir a suntasaí is atá siad. Is ionann an clár rioscaí agus buanordú ar chlár an Choimisiúin agus CIR agus déantar athbhreithniú ar an gclár ag gach cruinniú. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go bhfuil rioscaí á mbainistiú ag leibhéal cuí.

Tá mionsonraí le fáil sa chlár rioscaí faoi na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus tá freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe sannta do chomhaltaí foirne ar leith. Is féidir le WDC a dheimhniú go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina n-áirítear na gnéithe seo a leanas:

- Tá nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe
- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach
- Tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm le buiséad bliantúil a bhfuil an lucht bainistíochta sinsearach i mbun athbhreithniú a dhéanamh air go leanúnach,
- Tá sé mar aidhm leis na córais seo sláine na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a áirithiú.
- Tá córais bunaithe chun na sócmhainní a chosaint, agus
- Tá nósanna imeachta rialaithe i bhfeidhm i ndáil le maoiniú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha chun rialú cuí a áirithiú chomh fada is a bhaineann le faomhadh cistí agus monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dheontaithe lena chinntiú go bhfuil maoiniú deontais curtha i bhfeidhm don chuspóir beartaithe.

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH 2018

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Choimisiún, áit ar cuí, ar bhealach tráthúil. Is féidir le WDC a dheimhniú go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas bunaithe;

- Tá príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú,
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- Tá athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an bhfoireann bainistíochta sinsearach ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais a thugann léargas ar fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéisí.

Soláthar

Creideann an Coimisiún go bhfuil ceanglais na rialacha agus na dtreoirilínte soláthair reatha, mar atá sonraithe ag an Oifig um Sholáthar Rialtais, comhlíonta aige. Os a choinne sin, tá an Coimisiún sásta go bhfuil Polasaithe agus Nósanna Imeachta Soláthair forbartha agus curtha chun feidhme, agus go bhfuil an oiliúint chuí curtha ar an bhfoireann ar fad. Chomh maith leis sin, tá Plean Soláthair Chorpáidigh curtha chun feidhme ag WDC ina sonraítear cuspóirí soláthair na heagraíochta.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhníonn an Coimisiún go bhfuil nósanna imeachta bunaithe ag WDC chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú atá á ndéanamh ag WDC ar an gcóras rialaithe inmheánach airgeadais bunaithe ar an obair atá á déanamh ag na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, CIR a dhéanann maoirseacht ar a chuid oibre, agus an fhoireann bainistíochta sinsearach laistigh

de WDC atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Deimhníonn WDC go bhfuil athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2018 curtha i gcrích ag an gCoimisiún.

Ceisteanna a bhaineann le Rialú Inmheánach

Deimhníonn an Coimisiún go ndéanann WDC tréaniarracht ardchaighdeán chomhlíontachta leis na hAchtanna fostaíochta iomchuí a áirithiú. In 2018 ghlac WDC páirt in imeachtaí leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) maidir le hAlt 14 d'Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocráithe) 2013 i ndáil le conradh Tréimhse Shonrach ar Théarma Seasta a aistriú chuig Conradh Tréimhse Éiginnte (CTE). Thosaigh fostaí ag obair do WDC in 2014 agus bhí an fostaí sin fostaithe bunaithe ar roinnt conarthaí téarma sheasta. De bharr na gconarthaí comhleantacha agus na fostaíochta leanúnaí le haghaidh tréimhse sa bhreis ar 4 bliana, bhí an fostaí i dteideal conradh tréimhse éiginnte. I mí Eanáir 2019, sheas Oifigeach Breithniúcháin WRC leis an éileamh gurb ionann an conradh, trí oibriú dlí, agus conradh tréimhse éiginnte. D'fhonn na dtorthaí a chomhlíonadh, fuarthas cead ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus eisíodh CTE.

Lorg comhaltaí an Choimisiúin athbhreithniú seachtrach ar nósanna imeachta AD agus conarthaí téarma sheasta reatha. Bhí tabhairt chun rialtachta conarthaí beirt chomhaltaí foirne mar thoradh ar an athbhreithniú seo, laistigh de líon na bhfostaithe, a raibh conarthaí fadtéarmacha acu, mar aon le Polasaí Téarma Sheasta a fhorbairt agus polasaí AD nuashonraithe. Tá comhaltaí an Choimisiúin sásta, ar an mbonn sin, go bhfuil na hAchtanna Fostaíochta iomchuí á gcomhlíonadh ag WDC.

Sínithe thar ceann an Choimisiúin:



An Dr Deirdre Garvey

Cathaoirleach

Dáta: 18/12/2019


RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS CÚLCHISTÍ COIMEÁDТА DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2018

		2018	2018	2018	2018	2017
		€	€	€	€	€
	Nótaí	<i>an lathair an lathair Coimisiún</i>	<i>an lathair Infheistíochta Ciste</i>	<i>AE Deontais Maoiniú</i>	<i>lomlán</i>	<i>lomlán</i>
Ioncam						
Deontas Oireachtais	2	1,394,175	0	0	1,394,175	1,374,820
Deontais AE	3	0	0	766,502	766,502	826,658
Ioncam eile	4	54,214	0	0	54,214	11,413
Aistriú chuig Maoiniú Dheontais AE		0	0	0	0	0
Ioncam infheistíochta	5	0	131,276	0	131,276	195,682
Glanmhaoiniú larchurtha do Phinsin	15	344,000	0	0	344,000	260,000
Ioncam lomlán		1,792,389	131,276	766,502	2,690,167	2,668,573
Caiteachas						
Costais Oibriúcháin	6A/B	(1,770,780)	0	(799,128)	(2,569,908)	(2,656,906)
Farasbarr/(Easnamh) oibriúcháin don bhliain		21,609	131,276	(32,626)	120,259	11,667
Méadú/(Laghdú) ar luach sócmhainní airgeadais	7	0	35,342,794	0	35,342,794	(753,847)
Farasbarr/(Easnamh) don bhliain roimh leithreasuithe		21,609	35,474,070	(32,626)	35,463,053	(742,180)
Aistriú ó (go dtí) cuntas caipitil		5,253	0	0	5,253	583
Aistriú ó (go dtí) cuntas caipitil		26,862	35,474,070	(32,626)	35,468,306	(741,597)
Cúlchistí ar an 1 Eanáir		694,289	37,254,647	84,040	38,032,976	38,774,573
Cúlchistí ar an 31 Nollaig		721,151	72,728,717	51,414	73,501,282	38,032,976

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an ráiteas ar shreafaí airgid agus nótaí 1 go 18.

An Dr Deirdre Garvey: 
Cathaoirleach

Dáta: 18/12/19

Tomás Ó Síocháin: 
POF

Dáta: 18/12/19

RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 3^U NOLLAIG 2018

	2018 €	2017 €
Farasbarr\ (Easnamh) don bhliain	<u>35,468,306</u>	<u>(741,597)</u>
Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais na scéime	294,000	(835,000)
Caillteanais mar thoradh ar athruithe sna foshuíomhanna	0	0
Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha ar dhliteanais pinsin	<u>294,000</u>	<u>(835,000)</u>
Coigeartú ar mhaoiniú pinsin iarchurtha	(294,000)	835,000
Gnóthachain/(caillteanais) iomlána aitheanta don bhliain	<u>35,468,306</u>	<u>(741,597)</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an ráiteas ar shreafaí airgid agus nótaí 1 go 18.

An Dr Deirdre Garvey: Deirdre Garvey
Cathaoirleach

Dáta: 18/12/19

Tomás Ó Síocháin Tomás Ó Síocháin
POF

Dáta: 18/12/19


RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS AMHAIL AR AN 3IÚ NOLLAIG 2018

	Nótaí	2018 €	2017 €
Sócmhainní Seasta			
Maoín, Gléasra agus Trealamh (MGT)	9	12,177	17,430
